



**An Ghníomhaireacht
Tithíochta**
The Housing Agency

Tuarascáil Bhliantúil 2021



Dáta: Nollaig 2022

ISBN 978-1-903848-75-3

An Ghníomhaireacht Tithíochta, 53 Sráid an Mhóta Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2, DO2 KT73, Éire

Ábhar

| | |
|--|----|
| Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin | 05 |
| Cé Muid Féin & Cad A Dhéanaimid | 09 |
| Ár Luachanna | 10 |
| Ár Ról | 10 |
| Ár dTéamaí | 11 |
| Ár bPáirtithe Leasmhara | 12 |
| Conas a Bhainistítear Muid | 13 |
| Ár bPríomhéachtaí sa Bhliain 2021 | 17 |
| Foilseacháin 2021 | 18 |
| Tuarascáil Feidhmíochta 2021 | 21 |
| Téama: A Bheith Mar Ionad Eolais ar Thithíocht | 22 |
| Téama: Soláthar agus Úsáid Tithíochta a Bharrfheabhsú | 34 |
| Téama: Éileamh agus Inacmhainneacht Tithíochta a Thuiscint | 43 |
| Téama: Torthaí a Thuiscint Trínár nDaoine | 46 |
| Téama: Tiomantais Rialachais agus Seirbhíse a Shásamh | 47 |
| Cúrsaí Rialachais | 49 |
| Cúrsaí Corparáideacha | 53 |
| Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil Rialachais | 57 |



Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Sa bhliain 2021, bhí bliain dhúshlánach eile romhainn sa tír seo de bharr na paindéime domhanda, rud a tharraing aird ar thábhacht an bhaile mar áit ina mbraithfeadh gach éinne slán sábháilte agus a bheadh ina chrann taca acu.

Lean an Ghníomhaireacht Tithíochta ar aghaidh le saineolas agus seirbhísí tithíochta a sholáthar i slí éifeachtach agus ghasa chun tacú leis An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, le húdarais áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta d'fhonn borradh a chur faoi sholáthar tithíochta, d'fhonn inacmhainneacht a fheabhsú, agus d'fhonn pobail inbhuanaithe a chothú. Tá aird tarraingthe sa tuarascáil ar ghnóthachtálacha na Gníomhaireachta Tithíochta le linn 2021 lena n-áirítear: clár rialtais a chomhordú agus réitigh thithíochta a sholáthar; taighde agus anailís d'ardchaighdeán a sholáthar chun tacú le forbairt beartas, agus cur le hacmhainn fhoriomlán na hearnála tithíochta trí oideachas, oiliúint agus tacaíochtaí teicniúla a chur ar fáil.

Agus an tréimhse dhúshlánach seo curtha dinn againn, tá sé mar thosaíocht náisiúnta anois tithe sábháilte a chur ar fáil le haghaidh níos mó daoine i mbealaí éagsúla. Chuige sin, oibrímid i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara d'fhonn na spriocanna atá leagtha amach in Tithíocht do Chách, plean tithíochta an rialtais a chomhlíonadh. Seoladh an plean Tithíocht do Chách, sa bhliain 2021, agus tá sé bunaithe ar ceithre phríomhchonair agus conair bhreise chun iad sin a chumasú:

1. Tacú le húinéireacht tí agus cur le hinacmhainneacht.

2. Deireadh a chur le heaspa dídine, cur le soláthar tithíochta sóisialta, agus tacú le cuimsiú sóisialta.

3. Cur le soláthar tithíochta nua.

4. Dul i ngleic le tithe folmha chomh maith le húsáid éifeachtach a bhaint as an stoc tithe atá ann cheana.

5. Tacaíocht a thabhairt do na ceithre chonair - córas tithíochta inbhuanaithe a chumasú.

Beidh ról lárnach ag an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le gach ceann de na ceithre chonair a chomhlíonadh agus maidir le hacmhainn a fheabhsú sa chóras tithíochta. Tá athbhreithniú déanta againn ar ráiteas straitéise na Gníomhaireachta 2021, ar mhaithe lenár gcuid oibre a threorú sna blianta atá amach romhainn.. Ghlac an bord lena ráiteas straitéise nua 2022-2024, i mí na Nollag 2021, agus tá sé bunaithe i gcomhthéacs *Tithíocht do Chách*.

Leagtar amach inár ráiteas straitéise na réimsí oibre is tábhachtaí sna trí bliana amach romhainn, lena n-áirítear níos mó tithe inacmhainne a sholáthar, níos mó tithe sóisialta agus príobháideacha a sholáthar, agus dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le cuimsiú sóisialta, amhail easpa dídine, tithíocht aoisbháúil, agus tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas.

Go praiticiúil, ciallaíonn sé seo go ndíreoidimid ár n-aird ar ghníomhartha, amhail:

- Tacú leis na bearta inacmhainneachta atá leagtha amach in *Tithíocht do Chách* - an Scéim Ceannaigh Áitreabh Inacmhainne atá faoi threoir an údarais áitiúil; agus an Scéim Cothromais Chomhroinnte maidir le Ceannach Inacmhainne an Chéad Tí.

- Tacú le cíos costais, lena n-áirítear an Scéim Iasachta Cothromais ar Cíos de réir Costais.

- An Ciste Croí Cónaithe (Cathracha) a fhorbairt agus a bhainistiú chun a chinntiú go gcuirfí árasáin ar díol le ceannaitheoirí aonair i gceantair inár gcathracha ina bhfuil an-éileamh orthu.

- An obair a dhéanann ár n-aonad Tionscadal agus Soláthair a fhás agus a fhorbairt, aonad a chuireann réimse leathan tacaíochtaí comhairleachta agus teicniúla ar fáil d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta d'fhonn tionscadail tithíochta a sholáthar.
- Oifig Náisiúnta don tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a chur ar bun laistigh den Gníomhaireacht agus an Plean Náisiúnta Feidhmithe don tionscnamh Tús Áite do Thithíocht a leathadh amach.
- Cur leis an tuiscint atá againn ar riachtanais éagsúla tithíochta na ngrúpaí leochaileacha, daoine gan dídean nó atá i mbaol a ndídean a chailliúint, daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, baill den Lucht Siúil, agus daoine ar tugadh stádas cosanta idirnáisiúnta dóibh san áireamh.
- Tacú leis an mbeartas Tús Áite do Lár an Bhaile, lena n-áirítear, seirbhís chomhairleacha a chur ar fáil maidir le horduithe ceannaigh éigeantaigh agus cúnamh

teicniúil a chur ar fáil chun ionaid réadmhaoine fholmha agus thréigthe a fhorbairt.

- Maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar na Scéime um Fheabhsúchán Piríte, agus feidhmiú mar ghníomhairí maidir leis an Scéim Deontais Feabhsaithe do Bhloic Lochtacha Coincréite chun tacaíocht a thabhairt d'úinéirí tí a raibh tionchar aige sin orthu.

Agus sinn ag obair i dtreo na gcuspóirí sin, díreoimid ar riachtanais tithíochta daoine, lena n-áirítear ceannaitheoirí céaduaire, cíosaíthe, daoine breacaosta, teaghlaigh a bhfuil riaráistí morgáiste orthu, agus daoine gan dídean. Beidh comhoibriú idir an Gníomhaireacht Tithíochta agus páirtithe ábhartha eile an-tábhachtach, lena chinntiú go mbeidh tionchar dearfach ar theaghlaigh agus ar dhaoine aonair ag ár n-obair ar na scéimeanna seo. Tá mar thoradh ar an ngéarú ar na gníomhaíochtaí lárnacha seo gur tháinig fás suntasach ó thaobh méid agus castachta de ar ghníomhaíochtaí airgeadais na Gníomhaireachta.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí a mbímid ag comhoibriú leo go dlúth, lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, údaráis áitiúla, comhlachtaí ceadaithe tithíochta, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta, institiúidí airgeadais agus gníomhaireachtaí Stáit eile ar nós an Gníomhaireacht Tithíochta Airgeadais, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, an Gníomhaireacht Forbartha Talún agus an Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil.

Ba maith linn ár mbuíochas a ghabháil chomh maith le Barry Quinlan, Rúnaí Cúnta, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, a d'éirigh as a bheith ina bhall de bhord na Gníomhaireachta Tithíochta le linn 2021. De réir mar a fhásann agus mar a leathnaíonn ár n-obair, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil chomh maith leo siúd a oibríonn linn agus dúinn, lena n-áirítear ár mbaill foirne agus comhaltáí díograiseacha. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil chomh maith le John O' Connor, Príomhoifigeach atá éirithe as, as a thréimhse eisceachtúil san oifig mar POF na Gníomhaireachta Tithíochta.

Thaispeáin ár bhfoireann tiomantas, solúbthacht agus teacht aniar leanúnach maidir le freagairt a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le COVID-19, sa dara bliain oibre den phaindéim. Táimid an-bhuíoch as a ngairmiúlacht mhacánta le linn am nach bhfacthas riamh.

Tá an Gníomhaireacht Tithíochta ag tnúth lenár gcuidreamh oibre leanúnach a bheith acu leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien TD, chomh maith leis na hAirí Stáit, Peter Burke TD agus Malcolm Noonan TD, agus Ard-Rúnaí na Roinne, Graham Doyle.



Michael Carey
Cathaoirleach

Michael Carey



Bob Jordan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Bob Jordan



Cé Muid Féin & Cad A Dhéanaimid



Cé Muid Féin & Cad A Dhéanaimid

Is comhlacht Rialtais í An Ghníomhaireacht Tithíochta (An Ghníomhaireacht) a bhfuil fíís aici forbairt pobail inbhuanaithe a chur chun cinn.


Is é misean na Gníomhaireachta Tithíochta soláthar tithíochta a chur chun cinn chun éileamh reatha agus amach anseo a shásamh. Déanaimid sin trína bheith mar ionad saineolais maidir le tithíocht, trí thacaíocht a sholáthar chun beartas tithíochta a fhorbairt agus trí chláir éifeachtach tithíochta a chur i bhfeidhm i gcomhar le comhlachtaí eile.

Oibrímid leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, le hÚdarás Áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTnna) chun tithe agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil. Cuireann an Ghníomhaireacht An Scéim um Fheabhsúchán Piríte chun feidhme freisin.

Sa bhliain 2014, ghlac an Ghníomhaireacht Tithíochta freagracht as Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a rialú ar bhonn eatramhach. Tugadh an ról seo d'údarás neamhspleách, an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBRA) ar bhonn buan sa bhliain 2021.

Táimid faoi réir an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáiturráithe a Rialú agus faoi réir an Chóid Caiteachais Phoiblí. Oibrímid chun feidhmiú ar bhealach go hiomlán freagrach agus oscailte.

Ár Luachanna



Ár Ról




Tacaíonn An Ghníomhaireacht le húdarás áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun tithíocht shóisialta a sholáthar agus a bhainistiú. Oibrímid go dlúth leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le forbairt agus feidhmiú polasaí tithíochta.

Bunaíodh muid go foirmeálta sa bhliain 2012 agus tá forbairt shuntasach tar éis teacht ar ár ról ó shin. Foilsíodh *Tithíocht do Chách* straitéis náisiúnta tithíochta an Rialtais i Meán Fómhair 2021, agus anois tá ról ag an nGníomhaireacht Tithíochta i mórán réimsí:


- cabhrú le tithe inacmhainne agus tithíocht ar cíós de réir costais a sholáthar.
- soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú.
- soláthar forbraíochtaí árasán i gceantair uirbeacha a chur chun cinn.

- ionaid réadmhaoine fholmha a thabhairt ar ais chun fóntachta.
- tabhairt faoi cheisteanna a bhaineann le cuimsiú sóisialta, lena n-áirítear easpa dídine, míchumas, daoine breacaosta, agus cosaint idirnáisiúnta.
- An Scéim Náisiúnta Morgáiste go Cíos a chomhordú; agus tithe a athchóiriú faoin Scéim um Fheabhsúchán Piríte, agus
- tacú le húdarás áitiúla chun an Scéim Feabhsaithe Deontais do Bhloic Lochtacha Coincréite a chur i bhfeidhm.


Bhí *Plean Straitéiseach 2019-2021* na Gníomhaireachta Tithíochta ina threoir d'obair na Gníomhaireachta le trí bliana anuas. Ghlac an bord le ceann nua *Ráiteas Straitéise 2022-2024*, ar an 16 Nollaig 2021. Tá obair na Gníomhaireachta leagtha amach faoi thrí théamaí leathana sa straitéis seo.

| Cuspóir | Cad a Dhéanaimid | Conas a Dhéanaimid É |
|--|--|---|
|  Eolas ar Thithíocht | Sonraí tithíochta, measúnuithe & fianaise ardcháilíochta chun eolas a dhéanamh don chinnteoireacht | <ul style="list-style-type: none"> • Taighde agus Sonraí • Anailís Eacnamaíoch • Athbheithniú & Meastóireacht • Tacú le Forbairt Beartais |
|  Soláthar agus Éileamh | Róil lárnacha comhordaithe le haghaidh soláthar tithíochta agus réitigh tithíochta eile | <ul style="list-style-type: none"> • Soláthar tithíochta • Cúnamh teicniúil • Tacaíochtaí ionchuimsithe shóisialta • Saineolas ar bhainistíocht tionscadail |
|  Acmhainn Tógála | Oideachas agus eolas maidir le soláthar tithíochta agus bainistíocht tithíochta a fheidmiú | <ul style="list-style-type: none"> • Oiliúint & Oideachas • Treoir, Sraith Straitéisí, Teimpléid • Seirbhísí Comhairleacha Tithíochta • Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara |

Ár dTéamaí



Our Stakeholders



An chaoi a nDéantar Bainistíocht Orainn

Is é bord a cheap an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a rialáonn an Ghníomhaireacht. Tá an Bord freagrach as tionchar a imirt ar ár dtosaíochtaí, as ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil, agus as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme ár bhfeidhmeanna. Bhunaigh sé Fochoiste um Iníúcháireacht agus Riosca agus Fochoiste Straitéise chomh maith.

Bhunaigh an bord painéil chomhairleacha chun rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a mhéadú agus chun leas a bhaint as réimse saineolais. Bhí trí phainéal i bhfeidhm agus ag feidhmiú le linn na bliana 2021:

- Taighde agus Léargas
- Soláthar agus Inacmhainneacht
- Easpa Dídine

Our Board

Ar an 31 Nollaig 2021, ba iad an Cathaoirleach agus comhaltaí reatha an Bhoird:



Michael Carey
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Tithíochta



Donal McManus
Comhairle na hÉireann um
Thithíocht Shóisialta



David Duffy
Cónaidhm Ghnólachtaí agus
Fhostóirí na hÉireann



Fiona Lawless
Comhairle Contae na Mí



Frank Curran
Comhairle Contae Dún Laoghaire
Ráth an Dúin



Aine Stapleton
An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta




Niamh Callaghan
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe



Bob Jordan
Sainchomhairleoir Bainistíochta



Tony O'Brien
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
An Ghníomhaireacht Tithíochta



An Coiste um Iniúchóireacht & Riosca

Déanann an Fochoiste um Iniúchóireacht agus Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta maoirseacht ar phríomhréimsí bainistíochta airgeadais agus riosca laistigh den eagraíocht. Ar an 31 Nollaig 2021, ba iad comhaltaí an fhochoiste:

- **Tony O'Brien**
Sainchomhairleoir Bainistíochta, Cathaoirleach an Fhochoiste
- **Alec Flood**
An Bord um Réiteach Piríte
- **Donal McManus**
Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
- **Fiona Lawless**
Comhairle Contae na Mí

An Fochoiste Straitéise

Déanann ár bhFochoiste Straitéise monatóireacht ar phleanáil agus ar fheidhmiú straitéiseach na heagraíochta. Ar an 31 Nollaig 2021, ba iad comhaltaí an choiste:

- **Michael Carey**
Cathaoirleach, An Ghníomhaireacht Tithíochta, Cathaoirleach an Fhochoiste
- **Tony O'Brien**
Sainchomhairleoir Bainistíochta
- **Aine Stapleton**
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
- **Donal McManus**
Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
- **Bob Jordan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Ghníomhaireacht Tithíochta
- **David Silke**
Stiúrthóir na n-Oibríochtaí, An Ghníomhaireacht Tithíochta
- **Ciara Galvin**
Rúnaí Boird, An Ghníomhaireacht Tithíochta

Painéil Chomhairleacha

Cuireann ár bpainéil chomhairleacha fóram ar fáil don Bhord chun dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara. Cuireann sé seo ar chumas an Bhoird dul i gcomhairle leis na painéalaithe faoi shaincheisteanna maidir le tithíocht agus a n-aiseolas a fháil. Ar an 31 Nollaig 2021, ba iad comhaltaí na bpainéal:



Easpa Dídine

- **Michael Carey**
Bord na Gníomhaireachta
Tithíochta Cathaoirleach an
Phainéil
- **Mary Hayes**
Feidhmeannach Easpa Dídine
Réigiún Bhaile Átha Cliath
- **Ivan Grimes**
Comhairle Cathrach agus Contae
Phort Láirgel
- **Martin Hannigan**
Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath
- **An Dochtúir Austin O'Carroll GP**
Foireann Freagartha Covid-19 le
haghaidh Easpa Dídine i mBaile
Átha Cliath
- **Anne Cronin**
Sainchomhairleoir Bainistíochta
agus Taighde, FSS
- **Kerry Anthony**
Inspire Wellbeing

Reáchtáladh trí chruinniú den phainéal comhairleach um Easpa Dídine le linn 2021 Rinneadh plé ar théamaí éagsúla i rith na bliana lena n-áirítear Tús Áite do Thithíocht; Sraith Straitéisí do Chleachtóirí gan Dídean; ionaid réadmhaoine oiriúnacha (cinn aon seomra codlata go háirithe) a sholáthar; cás-staidéar ar roghanna malartacha maidir le cóiríocht éigeandála do theaghlaigh; tithé agus árasáin aon seomra codlata a thógáil i bhforbraíochtaí ísealdlús tithíochta; agus seirbhísí for-rochtana



Taighde agus Léargas

- **Michael Carey**
Bord na Gníomhaireachta
Tithíochta, Cathaoirleach an
Phainéil
- **David Duffy**
Property Industry Ireland agus An
Bord Gníomhaireachta Tithíochta
- **Joe Frey**
Comharionad na RA um Fhianaise
Tithíochta
- **Marian Finnegan**
Sherry Fitzgerald
- **An t-Ollamh Ken Gibb**
Comharionad na RA um Fianaise
Tithíochta
- **Rosalind Carroll**
An Bord Measúnaithe Díobhálacha
Pearsanta
- **Conall McCoille**
Davy
- **Martin Tully**
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil
agus Oidhreacht
- **Michael Hough**
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil
agus Oidhreacht

Reáchtáladh trí chruinniú den phainéal comhairleach um Thaighde agus Léargas le linn 2021. Rinneadh plé ag na cruinnithe sin ar ábhair amhail timthriall bunaithe ar fhianaise um beartas go cleachtas; tithíocht faoi threoir an phobail; Tithíocht 2030; agus a mbaineann le tithíocht shóisialta in Albain agus in Éirinn.



Soláthar agus Inacmhainneacht

- **Michael Carey**
Bord na Gníomhaireachta
Tithíochta, Cathaoirleach an
Phainéil
- **Neil Durkan**
Cumann Tógálaithe Tithe na
hÉireann
- **Margaret Geraghty**
Gníomhaireacht Bainistíochta an
Rialtais Áitiúil
- **Kathryn Meghan**
Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
- **John McLean**
Radius Housing
- **Noel Cahill**
An Chomhairle Náisiúnta
Eacnamaíoch agus Shóisialta
- **Claire McManus**
Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

Reáchtáladh dhá chruinniú den phainéal comhairleach um Sholáthar agus Inacmhainneacht le linn 2021 Rinneadh plé ag seisiúin an phainéil ar roinnt ábhar lena n-áirítear an Bille um Thithíocht Inacmhainne; riachtanais dlúis agus cuimsiú árasán mar chuid d'fhorbraíochtaí tithíochta; lasacht Chothromas ar Cíos de réir Chostais; Tithíocht do Chách (téamaí faoi sholáthar agus faoi thithe folmha); agus leasuithe pleanála.

Ár bhFoireann

Déanann feidhmeannach agus foireann na Gníomhaireachta Tithíochta an obair ó lá go lá chomh maith le seirbhísí a chur ar fáil. Déanann agus rialaíonn siad riarachán agus gnó na Gníomhaireachta agus iad go léir de réir maoirseachta an bhoird. Tá ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bob Jordan, i gceannas air agus tá sé freagrach as ceannaireacht agus treoir na bhfeidhmiúcháin uilig.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as cur chun feidhme na Scéime um Fheabhsúchán Piríte. Rialaíonn an Bord um Réiteach Piríte an Scéim seo. Ba í an Ghníomhaireacht an rialálaí eatramhach don earnáil Comhlachta Ceadaithe Tithíochta go dtí gur cuireadh deireadh leis an bhfeidhm seo ar an 31 Nollaig 2021. Rinne coiste rialála eatramhach maoirseacht ar an Oifig Rialála, coiste ar cuireadh deireadh leis le bunú oibríochtúil an Údaráis Rialála Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBRA).

Ar an 31 Nollaig 2021, bhí 118 ball foirne ag an nGníomhaireacht a raibh foireann ardbhainistíochta i gceannas orthu. Ba iad:


- **Bob Jordan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
- **David Silke**
Stiúrthóir na n-Oibríochtaí
- **Jim Baneham**
Stiúrthóir Soláthair Tithíochta
- **Peter Hesse**
Príomhoifigeach, Tionscadal agus Soláthar

Ár bPríomhéachtaí sa Bhliain 2021


109 teach faighte le haghaidh tithíochta sóisialta faoi chlár éadála éagsúla.



Méadú suntasach maidir le líon cásanna Morgáiste go Cíos a críochnaíodh - **678**, ag fágáil cásanna iomlán a críochnaíodh ag **1,682**.



Rinneadh feabhsúchán ar **201** teach faoin Scéim um Fheabhsúchán Piríte, ag fágáil líon na dtithe a ndearnadh feabhsúchán orthu don scéim ag **2,292**.



Ceadaiódh **390** teach ar cíos de réir costais, agus cuireadh 65 teach ar cíos de réir costais ar fáil le linn na bliana.

Cuireadh an t-aistriú ó rialáil dheonach Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta go rialáil reachtúil i gcrích.



Rinneadh measúnú ar **313** iarratas de chuid an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta le haghaidh Íocaíochta agus Infhaighteachta agus maoiniú Dul Chun Cinn Caipitil maidir le hÁis Léasú chun breis is **7,559** teach a sholáthar.



3,300
Tithe

Cuireadh 3,300 theach ar fáil, le tacaíocht ó sheirbhísí an Aonaid Soláthair.



Rinneadh measúnú ar 2,629 Iasacht Tithíochta ón Údarás Áitiúil (Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann a tugadh orthu roimhe seo). Moladh **5,121** iarratas ar iasachtaí le ceadú ó tugadh an scéim isteach i mí Feabhra 2018.



Cuireadh **752** teach ar fáil trí ghnáthléasú agus trí léasú feabhsaithe




Níos mó ná 4,000 amharc ar ócáidí oiliúna agus eolais ar líne, ócáidí a Reachtáil an Ghníomhaireacht Tithíochta nó ar thacaigh siad leo.

Foilseacháin 2021

Taighde



Treoir agus Lámhleabhair



Ráiteas Straitéise na Gníomhaireachta Tithíochta



Fís

Córas tithíochta comhtháite a bhaint amach, lena ndéanfar riachtanais tithíochta na tíre a shásamh agus lena gcuirfear pobail inbhuanaithe chun cinn.

+



Cuspóir

Saineolas agus réitigh a chur ar fáil le cabhrú le pobail inbhuanaithe a sholáthar ar fud na hÉireann.

+



Luachanna

Béim ar Dhaoine / Meas / Gastacht / Barr Feabhais / Freagracht / Tionchar / Comhoibriú / Muinín

Cuspóirí Straitéiseacha



Feidhmiú mar lárionad maidir le hEolas ar Thithíocht;

- Feidhmiú mar cheannródaí a bhfuil meas ag daoine air maidir le léargais agus nuálaíocht tithíochta
- Smaointeoireacht nua a fhorbairt agus a roinnt
- Cur le forbairt pholasait
- Eolas a dhéanamh don dioscúrsa poiblí maidir leis an gcóras tithíochta i gcomhar le geallsealbhóirí
- Meicníochtaí measúnaithe oiriúnacha a fhorbairt



Soláthar agus Éileamh Tithíochta Briding

- Tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a fheabhsú
- Soláthar na dtithe inacmhainne a mhéadú
- Cabhrú le díothú na heaspa dídine
- Tacú le polasaithe ionchuimsithe sóisialta sa soláthar tithíochta
- Soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú
- Cabhrú le geallsealbhóirí a gcuid pleananna gnímh maidir le soláthar tithíochta a chur i bhfeidhm
- Aghaidh a thabhairt ar fholúntas agus úsáid éifeachtach an stoic atá ann
- Dul i ngleic le ceisteanna a thagann chun cinn ar son an Rialtais



Acmhainn Tógála sa Chóras Tithíochta

Acmhainn sa Chóras Tithíochta:

- Foghlaim agus Saineolas
- Gairmithe tithíochta mar phobal cleachtais
- Ionchuimsiú sóisialta san earnáil tithíochta

Cumas Eagraíochtúil sa Gníomhaireacht Tithíochta

- Cinntiú go bhfuil múnla, struchtúir agus cumas oibriúcháin na heagraíochta oiriúnach don chuspóir agus na spriocanna eagraíochtúla a leagadh amach sa straitéis seo
- Seirbhís ghairmiúil agus ardchaighdeán a chur ar fáil do gheallsealbhóirí na Gníomhaireachta
- Cabhrú leis an nGníomhaireacht na leibhéal is airde i gcúrsaí rialaithe na hearnála poiblí a bhaint amach ó thaobh feidhmíochta de.



Tuarascáil Feidhmíochta 2021



Tuarascáil Feidhmíochta 2021

Téama: A Bheith Mar Ionad Eolais ar Thithíocht

Cuspóir: Chun tuiscint láidir agus dhomhain ar dhinimic na hearnála tithíochta a chur ar fáil, chun eolas a dhéanamh do chinntí polasaithe ardchaighdeán agus do chlár éifeachtacha i dtreo tithíocht mhaith agus pobail inbhuanaithe a sholáthar.

Dul Chun Cinn: Bhí clár taighde an-ghníomhach ag an nGníomhaireacht Tithíochta sa bhliain 2021. Is achoimre ar dhul chun cinn é seo a leanas maidir le gníomhaíocht taighde agus eacnamaíochta sa bhliain 2021.

Más bainteach, tá na tuarascálacha ar fáil ag www.housingagency.ie.

Obair atá Curtha i gCrích le linn 2021

|  Tionscadal |  Dul Chun Cinn |
|--|--|
| Plean a leagan amach d'Earnáil Tithíochta inmharthana faoi threoir an phobail d'Éirinn | Mhainigh an Gníomhaireacht taighde ar Thithíocht faoi Threoir an Phobail, ar cur chuige ón mbun aníos é, a chuireann ar chumas daoine a gcomhacmhainní a roinnt chun títhe inacmhainne agus inrochtana a sholáthar do chách. Tuigtear le tithíocht pobail ilchineálacha, inmharthana a chumasú agus ní hamháin 'tithíocht a sholáthar.' Aschur: Tuarascáil foilsithe i mí na Bealtaine 2021. |
| An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas (anailís comhairliúcháin) | Thug an Gníomhaireacht faoi anailís a dhéanamh ar shonraí an tsuirbhé mar chuid den chomhairliúchán poiblí maidir leis <i>An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 - 2027</i> . Aschur: Críochnaíodh an tuarascáil sa bhliain 2021 agus foilseofar sa bhliain 2022 í mar chuid de na cáipéisí tacaíochta don <i>Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022 - 2027</i> . |
| Athbhreithniú ar Oibrithe Sóisialta agus ar Phearsanra atá fostaithe ag Údaráis Áitiúla chun cúnamh a thabhairt don Lucht Siúil go sonrach lena Riachtanais Lóistín | Tugtar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar ról oibrithe sóisialta agus pearsanra eile atá fostaithe ag údaráis áitiúla chun cúnamh a Thabhairt don Lucht Siúil go Sonrach lena Riachtanais Lóistín. Aschur: Tuarascáil foilsithe sa bhliain 2021. |

|  Tionscadal |  Dul Chun Cinn |
|--|---|
| Athbhreithniú ar Spriocanna Tionóntachta Tús Áite do Thithíocht | <p>Taighde dírithe ar athbhreithniú ar Spriocanna Tionóntachta <i>Tús Áite do Thithíocht</i>.</p> <p>Aschur: Tuarascáil curtha i dtoll a chéile don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta sa bhliain 2021.</p> |
| Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta | <p>Tugann an Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta 2020 eolas le chéile atá curtha ar fáil ag údaráis áitiúla faoi theaghlaigh atá cáilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta, ach nach bhfuil a riachtanais tithíochta sóisialta á sásamh faoi láthair. Comhlíontar é seo ar bhonn bliantúil anois agus sa bhliain 2020 comhlíonadh an mheasúnacht i mí na Samhna.</p> <p>Chuir an Ghníomhaireacht comhairle leanúnach ar fáil ar rialacháin measúnachta d'údaráis áitiúla agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus glacann sí páirt go gníomhach sa choiste maoirseachta. Is í an Ghníomhaireacht a chuir na sonraí i dtoll a chéile, a rinne measúnú orthu agus a dhréacht an tuarascáil dheiridh.</p> <p>Aschur: Foilsíodh an tuarascáil i mí an Mhárta 2021.</p> |
| Tithíocht shóisialta ar cíos agus atá costasbhunaithe, an cás san Eoraip: An Cás san Ostair, sa Danmhairg agus san Fhionlainn | <p>Fuair an taighde seo maoiniú mar chuid de Chlár Tacaíochta Taighde na Gníomhaireachta Tithíochta, agus déantar cioradh ann ar cíos costais i gcás-staidéir ón Ostair, ón Danmhairg agus ón bhFionlainn, tíortha atá ar thús cadhnaíochta san Eoraip maidir le córais um thithíocht shóisialta ar cíos, atá costasbhunaithe agus ar fáil ar an mórchóir Tugtar léargas sa tuarascáil seo ar chúrsaí a bhaineann le socrú cíosa agus le maoiniú i ngach ceann de na trí thír sin. D'ullmhaigh Housing Europe an tuarascáil.</p> <p>Aschur: Tuarascáil foilsithe i mí na Nollag 2021.</p> |
| Foréigean Teaghlaigh agus Easpa Dídine Teaghlaigh | <p>Déantar iniúchadh sa taighde seo ar na naisc atá ann idir foréigean teaghlaigh agus easpa dídine. Beidh an taighde dírithe ar chomhoibriú níos fearr idir earnálacha éagsúla chun daoine a mbíonn tionchar ag foréigean teaghlaigh orthu a chosc ar easpa dídine agus beidh an taighde dírithe chomh maith ar fhreagairtí a fhorbairt maidir le tithíocht slán sábháilte a sholáthar do theaghlaigh a mbíonn tionchar ag foréigean teaghlaigh orthu. Rinne Focus Ireland an obair seo le tacaíocht ón nGníomhaireacht Tithíochta.</p> <p>Aschur: Tuarascáil foilsithe sa bhliain 2021.</p> |
| #Tithíocht2030 Inacmhainneacht Tithíochta a fheabhsú i Réigiún UNECE | <p>Arna pháirtmhaoiniú faoin gClár Tacaíochta Taighde, #Tithíocht2030, Comhdháil ar líne ba ea Inacmhainneacht Tithíochta a fheabhsú i Réigiún UNECE.</p> <p>Aschur: Reáchtáladh an comhdháil i mí Aibreáin 2021 Tuarascáil foilsithe sa bhliain 2021.</p> |

|  Tionscadal |  Dul Chun Cinn |
|--|--|
| Tithíocht agus Míchumas: Cuir chuige i nDlínsí Eile | <p>Díríonn an tuarascáil seo ar sholáthar tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas i ndlínsí eile, agus í mar chuid den tsraith oibre a rinneadh chun bonn eolais a chur faoi straitéis nua na Gníomhaireachta. Rinneadh athbhreithniú ar eolas a raibh teacht air go poiblí i gcúig thír éagsúla sa bhliain 2021, chun léargas a fháil ar an gcóras soláthair tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas i dtíortha eile.</p> <p>Aschur: Foilsíodh i mí Eanáir 2022.</p> |
| Mol sonraí na Gníomhaireachta Tithíochta a fheabhsú agus a chothabháil. | <p>Sonraí nua agus meiteashonraí a chur le mol sonraí na Gníomhaireachta Tithíochta. Áirítear leis an obair seo, cothabháil agus nuashonrú leanúnach a dhéanamh ar na sonraí uile tithíochta atá ar taispeáint.</p> <p>Aschur: Mol sonraí nuashonraithe ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta..</p> |
| Cuir i láthair eacnamaíochta don Fhoireann Ardbhainistíochta | <p>Thug an t-eacnamaí sinsearach nuashonruithe eacnamaíochta don Fhoireann Ardbhainistíochta uair in aghaidh na ráithe.</p> |
| Bileoga treoracha An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | <p>Tá ról ag an nGníomhaireacht chun tacaíocht agus taighde a chur ar fáil don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus cuireadh obair ar bhileoga threoracha i gcrích sa bhliain 2022. Ba iad seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Incháilitheacht le haghaidh Tithíocht bunaithe ar loncam - Comparáidí Idirnáisiúnta ▪ Athbhreithniú ar Incháilitheacht le haghaidh Tacaíocht Tithíochta Sóisialta bunaithe ar loncam |

Obair a bhí ag dul ar aghaidh le linn 2021, le críochnú sa bhliain 2022

|  Tionscadal |  Dul Chun Cinn |
|--|---|
| Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta | <p>Tugann an <i>Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta 2021</i> eolas le chéile atá curtha ar fáil ag údaráis áitiúla faoi theaghlaigh atá cáilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta, ach nach bhfuil a riachtanas tithíochta sóisialta á shásamh faoi láthair. Comhlíontar é seo ar bhonn bliantúil anois agus sa bhliain 2021 comhlíonadh an mheasúnacht i mí na Samhna.</p> <p>Sa bhliain 2021, chuir an Ghníomhaireacht comhairle leanúnach ar fáil ar rialacháin measúnachta d'údaráis áitiúla agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ghlac sí páirt go gníomhach sa choiste maoirseachta. Is í an Ghníomhaireacht a chuir na sonraí i dtoll a chéile, a rinne measúnú orthu agus a dhréacht an tuarascáil dheiridh.</p> <p>Aschur: Tá an tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2022.</p> |
| An Staidéar Náisiúnta de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta ar dhearcthaí, ar eispéiris agus ar mhianta i leith Tithíochta | <p>Is é atá sa taighde seo ná an tríú céim den Suirbhé Náisiúnta de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta ar dhearcthaí i leith tithíochta. Dírítear san obair seo ar eispéiris tithíochta a bhaineann le Covid-19.</p> <p>Aschur: Tá an tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2022.</p> |

|  Tionscadal |  Dul Chun Cinn |
|--|---|
| Anailís ar Thithe Sóisialta Cnuasta agus Scaipthe in Eastáit Tionachta Measctha | <p>Déantar anailís ar thithe sóisialta cnuasta agus scaipthe in eastáit tionachta measctha sa tionscadal taighde seo. Déantar cíoradh ann ar an dá chur chuige le teacht ar shamhlacha dea-chleachtais a bheidh mar threoir do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar in eastáit tionachta measctha. Taighde atá ar bun sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus arna chómhaoiniú ag an nGníomhaireacht Tithíochta agus ag Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta.</p> <p>Aschur: Tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2022.</p> |
| Meastóireacht ar Chéim 2 agus 3 de Shamhail Tithíochta agus Tacaíochtaí CCBÁC | <p>Meastóireacht ar Chéim 2 agus 3 den samhail Tithíochta in Inse Chóra a thugann Tacaíocht do Dhaoine Breacaosta. Tá an obair á déanamh go seachtrach, agus tá Foireann Taighde na Gníomhaireachta Tithíochta i gceannas ar an tionscadal. Is tionscadal comhoibríoch é seo le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.</p> <p>Aschur: Tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2022.</p> |
| Glúin na dTionóntaí agus Éiginnteacht sa mhargadh Tithíochta in Éirinn | <p>Rinneadh an taighde seo le tacaíocht ón nGníomhaireacht Tithíochta faoin gClár Tacaíochta Taighde, agus léirítear ann cineál agus fairsinge na 'héiginnteachta sa mhargadh tithíochta' mar a bhaineann sé leis an earnáil cíosa phríobháideach in Éirinn, agus léirítear ann na dúshláin atá faoi thionóntaí óga agus iad ag lorg tithíocht inacmhainne, sheasmhach, ardchaighdeán agus sho-aimsithe. Beidh athbhreithniú ar litríocht, anailís chainníochtúil ar shonraí EU-SILC agus agallaimh le tionóntaí óga mar chuid den taighde. Beidh Innéacs Éiginnteachta sa Mhargadh Tithíochta ar cheann de na aschuir is tábhachtaí. Is í Ollscoil na Banríona, Béal Feirste atá i mbun an taighde seo.</p> <p>Aschur: Tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2022.</p> |
| Caighdeán na Beatha i Measc Daoine gan Dídean nuair a Aistríonn siad go Cóiríocht Bhuan | <p>Scrúdófar anseo an tionchar a bhíonn ar dhaoine gan dídean i gCathair Chorcaí (<i>daoine singile den chuid is mó</i>) nuair a aistrítear go gasta iad go cóiríocht bhuan. Díreofar sa taighde seo ar réimsí chaighdeán na beatha agus ar cheisteanna cáilíochtúla a bhaineann le cliaint Chlann Shíomóin, Cathair Chorcaí. Déantar obair allamuigh ar dtús sula n-aistríonn na cliaint isteach ina gcóiríocht nua. Baileofar sonraí dhá uair eile ina dhiaidh sin. Is é Coláiste na hOllscoile, Corcaigh atá i mbun an taighde seo.</p> <p>Aschur: Cuirfear an obair allamuigh i gcrích sa bhliain 2022 agus tá tuarascáil le foilsiú go luath sa bhliain 2023.</p> |
| Fás Dlúth Uirbeach Deiseanna agus Dúshláin maidir le Tithíocht Ard-Dlús | <p>Tá an tionscadal seo maoinithe faoi Chlár Tacaíochta Taighde na Gníomhaireachta Tithíochta, agus cuirtear ceisteanna ann maidir le soláthar tithíochta ard-dlús atá ar ardchaighdeán, inbhuanaithe agus i gceantair ar mian le daoine cónaí iontu. Áirítear leis an tionscadal seo léirbhreithniú ar an litríocht, anailís beartais agus agallaimh le príomhpháirtithe leasmhara. Is é an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath atá i mbun an taighde seo.</p> <p>Aschur: Tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2022.</p> |

|  Tionscadal |  Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Bainistíocht ar Ionaid Réadmhaoine Fholmha a fheabhsú in Earnáil na Tithíochta Sóisialta in Éirinn | <p>Tá an tionscadal maoinithe faoi Chlár Tacaíochta Taighde na Gníomhaireachta Tithíochta, agus tugtar léargas ann ar na nithe seo a leanas: na cúinsí a imríonn tionchar ar chumas na hearnála tithíochta sóisialta chun a gcuid ionad réadmhaoine a bhainistiú go héifeachtach; réitigh phraiticiúla nuálacha ar fheidhmíocht a fheabhsú maidir le hionaid réadmhaoine fholmha; agus bealaigh chun cleachtas éifeachtach agus nuálaíocht maidir le bainistíocht ar ionaid réadmhaoine fholmha a scaipeadh ar fud na hearnála.</p> <p>Aschur: Tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2022.</p> |
| Rannpháirtíocht Éifeachtach Tionóntaí a chothú i mBainistiú Thithíocht na nÚdarás Áitiúil in Éireann | <p>Bhí an tionscadal seo maoinithe faoi Chlár Tacaíochta Taighde na Gníomhaireachta Tithíochta, tionscadal ina ndéantar scrúdú sa litríocht ar cheisteanna amhail na prionsabail, cearta daonna, agus oibleagáidí eile, maidir le rannpháirtíocht tionóntaí i mBainistiú na tithíochta sóisialta. Déanann sé scrúdú chomh maith ar shamhlacha dea-chleachtais i dTuaisceart Éireann, in Albain, sa Bhreatain Bheag, i Sasana, sa Bheilg, sa tSualainn, agus san Ísiltír. Déantar iniúchadh sa taighde seo ar bhealaigh chun rannpháirtíocht struchtúrtha tionóntaí a fhorbairt, trí rannpháirtíocht ghníomhach leo agus le páirtithe leasmhara eile, agus féachann sé chomh maith ar bhealaigh chun samhail bainistíochta nuálach a chur chun cinn, lena n-áirítear rannpháirtíocht fhóna na dtionóntaí i bpróisis beartais agus cinnteoireachta ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal áitiúil.</p> <p>Aschur: Tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2022.</p> |
| Deiseanna Saincheaptha do Staitisticí a bhaineann leis an Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta | <p>Deiseanna staitisticí idirghníomhacha a fhorbairt as sonraí ón Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta faoi theaghlaigh a bhfuil duine faoi mhíchumas iontu agus faoi theaghlaigh gan dídean.</p> <p>Aschur: Tuarascáil le foilsiú sa bhliain 2022.</p> |
| Athrú in Earnáil na nÁrasán - Tithíocht do chách agus Athchóiriú ar Chomhlachtaí Bainistíochta na nÚinéirí | <p>Bhí an tAcht um Fhorbairtí Ilaonaid 2011, acht atá an-tábhachtach maidir le tithíocht ard-dlús m.sh.árasáin a fhorbairt agus a bhainistiú go rathúil, 10 mbliana d’aois sa bhliain 2021 D’fhoilsigh Comhairleoir Forbairtí Ilaonaid na Gníomhaireachta ailt ar chur chun feidhme an Achta agus ar athruithe san earnáil MUD. Foilsíodh ailt in The Business Post, in Surveyors Journal an SCSÍ, i mblag Aonaid Eolais an Rialtais Áitiúil, agus in Property Professional IPAV.</p> <p>Tá gníomhartha leagtha amach in Alt 5.5.5 de Thithíocht do Chách maidir le hathchóiriú ar chomhlachtaí bainistíochta na n-úinéirí. Táthar ag súil go gcuirfidh an Ghníomhaireacht tacaíocht ar fáil sa bhliain 2022 don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht trína rannpháirtíocht leo ar na gníomhartha sin, atá le seachadadh ag an Roinn Dlí agus Cirt.</p> |
| Bileoga treoracha An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht | <p>Tá ról ag an nGníomhaireacht chun tacaíocht agus taighde a chur ar fáil don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, cuireadh tús le hobair ar roinnt bileoga treoracha maidir leis seo agus iad go léir le críochnú le linn na bliana 2022. Ba iad seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Staidéar ar Ról, Cúnamh agus Forbairt Amach Anseo san Earnáil Comhlachta Ceadaithe Tithíochta in Éirinn • Staidéar ar Athruithe ar Leibhéil Discréide ÍCT |

Tacaíocht Polasaí Tithíochta don Roinn agus Údaráis Áitiúla

Cabhraíonn an Gníomhaireacht Tithíochta leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le húdaráis áitiúla maidir le réimse leathan ceisteanna a bhaineann le beartais agus cleachtas.

Cuid V

Cuireann Foireann Chuid V comhairle agus tacaíocht maidir le reachtaíocht Chuid V ar fáil i gcónaí don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, do bhaill foirne na n-údarás áitiúil agus don earnáil tithíochta níos leithne. D'fhreagair siad 97 ceist faoi Chuid V, le linn na bliana 2021.

D'fhorbair agus scaip an Gníomhaireacht an 3ú hEagrán de Phacáiste Acmhainne Chuid V i mí Aibreáin 2021. Tá treoir mhionsonraithe le fáil ann d'fhoireann na n-údarás áitiúil maidir le Cuid V agus faoi mar a bhaineann sé le hiarratais pleanála.

Ceisteanna a bhaineann le Beartas Tithíochta agus an Tacaíocht atá ar fáil

Déileálann Foireann Seirbhísí Údarás Áitiúil na Gníomhaireachta le ceisteanna ó údaráis áitiúla, ó gníomhaireachtaí eile, agus ón bpobal ar chúrsaí a bhaineann le beartas tithíochta, le scéimeanna, le rialacháin, agus le roghanna tithíochta. Fuair an fhoireann tuairim is 700 glaoch agus ríomhphost sa bhliain 2021.

An tAonad um Ionaid Réadmhaoine a Bharrfheabhsú

Cuireadh an tAonad um Ionaid Réadmhaoine a Bharrfheabhsú ar bun sa bhliain 2021 d'fhonn cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le cúrsaí a bhaineann leis an bPróiseas Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh Chuir an fhoireann treoirlínte agus teimpléid ar fáil.

Léasú Feabhsaithe agus Gnáthléasú

Bainistíonn an Gníomhaireacht an Scéim Leasúcháin um Thithíocht Shóisialta Fhadtéarmach Fheabhsaithe ar bhonn náisiúnta i gcónaí chomh maith le tacaíocht agus seirbhísí a chur ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le cúrsaí a bhaineann leis an Scéim Gnáthléasaithe.

Bhí 11 iarratas Léasaithe Feabhsaithe beo fós ag deireadh na bliana 2021, agus dátaí measta éagsúla ann le haghaidh a soláthar ó 2021 - 2023. D'fhéadfadh na tionscadal seo 853 teach a chur ar fáil ar fud na tíre.

Chomh maith leis an gcomhairle agus leis an tacaíocht leanúnach a chuireann an Gníomhaireacht ar fáil d'údaráis áitiúla, bainistíonn an Gníomhaireacht creat seirbhísí dlí ar féidir le húdaráis áitiúla úsáid a bhaint

as chun moltaí léasa a chríochnú.

D'eisigh an Gníomhaireacht 158 comhaontú gnáthléasa agus 5 comhaontú léasa feabhsaithe, san iomlán, le linn na bliana 2021, sin táirgeadh fhéideartha 761 teach ar fad.

Déanann an Gníomhaireacht Anailís Chostaséifeachtach (CEA) agus réitíonn sí cásanna gnó le haghaidh gach Moladh Léasa Feabhsaithe agus gach Moladh Gnáthléasa atá níos mó na €20m le linn shaolré an léasa. Déantar na hanailísí seo ar iarratas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rinne an Gníomhaireacht anailís ar 17 dtionscadal léasa éagsúla sa bhliain 2021. Tá cúig tionscadal eile i mbun anailíse faoi láthair.

Easpa Dídine

Sa bhliain 2021, d'fhorbair an Gníomhaireacht sraith straitéisí tosaigh acmhainne agus oiliúna do bhaill foirne a oibríonn le seirbhísí easpa dídine. Is é aidhm na sraithe straitéisí seo:

- Cuidiú leis an earnáil maidir le hoiliúint a chur ar bhaill foirne nua.
- Eolas tagartha a thiomsú agus óstáil a dhéanamh in aon suíomh lárnach amháin don fhoireann reatha.

- Foinse bhonnlíne eolais a bhunú ar bhonn náisiúnta do bhaill foirne a oibríonn san earnáil easpa dídine.

I mí na Nollag 2021, chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta, i gcomhpháirt leis an FSS agus i gcomhairle le príomhranna agus le príomhghníomhaireachtaí, tús le lámhleabhar dea-chleachtais a fhorbairt atá dírithe ar sheirbhísí ceannasacha for-rochtana a oibriú. Beidh an lámhleabhar seo ina chabhair do réigiúin chun seirbhísí for-rochtana a leathnú go ceantair uirbeacha ina mbíonn fadhbanna le codladh amuigh. Tá an lámhleabhar seo le foilsiú i lár 2022.

Rialacháin

Tháinig athruithe ar na Rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta i bhfeidhm sa bhliain 2021. Mar chuid de na hathruithe seo, thug an Ghníomhaireacht tacaíocht don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chun na cáipéisí seo a leanas a dhearadh agus a chur i dtoll a chéile:

- leagan athbhreithnithe den Fhoirm Iarratais ar Thithíocht Shóisialta.
- treoir d'údaráis áitiúla maidir le hathruithe ar rialacháin agus ar an mBeartas acmhainne teaghlaigh
- cáipéis chuimsitheach Treorach d'údaráis áitiúla maidir le Measúnú Tithíochta Sóisialta, agus
- samplaí réamhullmhaithe d'údaráis áitiúla maidir le hioncam a mheas i measúnaithe tithíochta sóisialta.

Chomh maith leis seo, chuir an Ghníomhaireacht ceardlann ar bun do chleachtóirí na n-údaráis áitiúil faoi na hathruithe a tháinig i bhfeidhm ar na rialacháin um Measúnú Tithíochta Sóisialta agus ar an mBeartas Acmhainne Teaghlaigh.

Cuireadh tús le hobair sa bhliain 2021 ar uirlis áirimh d'údaráis áitiúla a bheidh ina chabhair dóibh maidir le hioncam a mheas i measúnaithe tithíochta sóisialta.

Daoine Scothaosta

Sheol an Ghníomhaireacht Tithíochta, Aoisbhá Éireann, an Roinn Sláinte agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agefriendlyhomes.ie, suíomh gréasáin nua le hacmhainní, treoir agus eolas faoi chúrsaí tithíochta dár bpobal atá ag dul in aois.

Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta

Tá an t-eolas ar fad a chuir údaráis áitiúla ar fáil curtha le chéile san Achoimre ar Mheasúnuithe Tithíochta Sóisialta, eolas faoi theaghlaigh atá cáilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta, ach nach bhfuil a riachtanas tithíochta sóisialta á shásamh faoi láthair. Déantar é seo ar bhonn bliantúil, agus rinneadh measúnacht 2021 i mí na Samhna 2021.

Sa bhliain 2021, chuir an Ghníomhaireacht comhairle leanúnach ar fáil ar rialacháin measúnachta d'údaráis áitiúla agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus ghlac sí páirt go gníomhach sa choiste maoirseachta. Is í an Ghníomhaireacht a chuir na sonraí i dtoll a chéile, a rinne measúnú orthu agus a dhréacht an tuarascáil dheiridh.

Cosaint Idirnáisiúnta

Go luath sa bhliain 2020, chuaigh an Ghníomhaireacht i dteagmháil leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun tacú le Seirbhís Tacaíochta nua um Chosaint Idirnáisiúnta

a fhorbairt in áit an tSoláthair Dhíriigh. Áirítear le tacaíocht na Ghníomhaireachta:

- Saineolas a chur ar fáil faoi thithíocht agus faoi chóiríocht a aimsiú, a sholáthar agus a bhainistiú, chomh maith le treoir a thabhairt maidir le riachtanais tacaíochta daoine aonair agus teaghlach.
- Cúnadh díreach a sholáthar trí thacaíocht theicniúil, tithíochta agus cóiríochta a chur ar fáil do thionscadail de réir mar is gá.

Scéim Cóiríochta Cíos (SCC)

Thacaigh an Ghníomhaireacht le húdaráis áitiúla agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht maidir le saincheisteanna agus ceisteanna laethúla SCC, lena n-áirítear comhairle dlí a fháil de réir mar is gá.

Grúpaí Oibre Neamhspleácha le fabhtanna tithíochta a scrúdú

Le linn na bliana 2021 thug foireann comhairleach agus taighde na Ghníomhaireachta tacaíocht theicniúil agus riaracháin don Ghrúpa Oibre Neamhspleách le fabhtanna tithíochta a scrúdú, grúpa a bhunaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht i mí Feabhra 2021.

Déanann an grúpa oibre scrúdú ar chineál, ar mhéid agus ar dheacrachtaí a eascraíonn as fabhtanna in árasáin shaintógtha agus in árasáin dhá urlár a tógadh in Éirinn idir 1991 agus 2013.

Tá gníomhú an ghrúpa oibre, agus tacaíocht ón nGníomhaireacht, ag leanúint ar aghaidh sa bhliain 2022.

Oiliúint do Chleachtóirí Tithíochta

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag iarraidh gairmithe tithíochta a thacú, lena n-áirítear iad siúd atá ag obair le húdaráis áitiúla agus le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Soláthraímid agus comhoibrímid ar dheiseanna oiliúna agus cuirimid cláir oideachais tithíochta chun cinn. Sa bhliain 2021, Rinne An Ghníomhaireacht Tithíochta a leanas:

Oideachas Tithíochta

- Bronnadh sparánachtaí ar 54 mac léinn chun cúrsaí tithíochta a dhéanamh leis an FR agus le CÉTS.
- In R4 2021 rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta Anailís Riachtanais Oiliúna ar ár bpáirtithe leasmhara chun riachtanais oiliúna a shocrú don tréimhse 2022-2023. Rinneadh é seo le tacaíocht ónár gcomhpháirtithe sa Líonra Oiliúna Tithíochta. Ghlac 184 cleachtóir tithíochta i gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, in údaráis áitiúla, agus in eagraíochtaí páirtithe leasmhara eile páirt sa suirbhé. Baintear úsáid as na torthaí chun gníomhaíochtaí oiliúna a threorú sna blianta 2022 agus 2023.

Údaráis Áitiúla

Le linn 2021, bhí an Ghníomhaireacht Tithíochta páirteach in ócáidí oiliúna agus i seimineáir a d'eagraigh sí don rialtas áitiúil agus do chleachtóirí tithíochta na n-údarás áitiúil thar go leor réimsí a raibh baint acu le soláthar agus bainistíocht tithíochta, agus bhí breis is 1,000 duine i láthair ag ócáidí/cúrsaí den sórt seo, lena n-áirítear

- Cuid V I ndiaidh leasuithe na bliana 2021 ar Chuid V sa bhliain 2021 faoin Acht um Thithíocht Inacmhainne, d'eagraigh an Ghníomhaireacht ócáidí eolais do bhaill foirne na n-údarás áitiúil (119

duine i láthair) agus don earnáil tithíochta níos leithne (533 duine i láthair) Prionsabail Chuid V agus áirimh Chuid V; Cuid V agus a baint le cleachtas, le luachálacha talún agus le headránú réadmhaoine.

- Cur i láthair don OGP / Comhdháil na hOifige Comhordaithe um Sholáthar Tithíochta do rialtais áitiúla, faoi chreat OGP a bhunú d'fhoirne Deartha faoi Stiúir Ailtirí agus a bhaineann go sonrach le seirbhísí na Gníomhaireachta Tithíochta agus le Comhairleoirí a sholáthar.
- Seimineáir oiliúna do bhaill tofa ar shaincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le beartas agus cleachtas tithíochta.
- Iasacht um Cheannach Tí ó Údaráis Áitiúla;
- Teagmháil le Tionóntaí.
- An bealach le tabhairt faoin Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta 2021.
- An Próiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste (PRRM).
- Athruithe ar Mheasúnuithe um Thithíocht Shóisialta agus ar an mBeartas acmhainne teaghlaigh.
- Seimineáir gréasáin do bhaill foirne na n-údarás áitiúil maidir le Feasacht ar Mheabhairshláinte. Bhí na seisiúin seo bunaithe ar Lámhleabhar Luath Idirghabhála

don Mheabhairshláinte na Gníomhaireachta Tithíochta.

Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

- Bhí cuir i láthair ag Comhdháil Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (CÉTS) do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta faoin bpróiseas um Scéim Cúnaimh Caipitil, agus a bhain go sonrach le comhairleoirí a sholáthar i gcomhréir leis an gCreat um Oibreacha Caipitiúla a Bhainistiú.
- D'eagraigh sí cur i láthair do Ghrúpa Oibre CÉTS um Fhorbairt agus Sholáthar faoi sheirbhísí Aonaid Soláthair na Gníomhaireachta Tithíochta.

Earnáil na Tithíochta

- D'eagraigh sí cúig chúrsa oiliúna d'oibrithé deonacha a oibríonn leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.
- D'eagraigh sí trí chaint ar líne mar chuid den Sraith Samhraidh do bhreis is 400 duine ar shaincheisteanna faoi dul i ngleic le heaspa dídine; faoi thrámaí a bhaineann le handúiligh gan dídean; agus faoin leochaileacht a bhaineann le mná gan dídean.
- Chuir sí 11 nuachtlitir i dtoll a chéile agus scaip iad ar pháirtithe leasmhara.



Rannpháirtíocht leis an Earnáil Tithíochta

Téann an Ghníomhaireacht i dteagmháil lena páirtithe leasmhara i neart bealaí, lena n-áirítear socruithe laethúla trína hobair ar fad. Déantar ionadaíocht dúinn ar roinnt fóram agus coistí stiúrtha a bhaineann le tithíocht. Glacaimid páirt in ócáidí cainte ar nós comhdhálacha agus seimineáir ar fud na hearnála. Óstálaimid príomhócáidí chun na páirtithe cuí a thabhairt le chéile lena chinntiú go mbíonn teagmháil ghníomhach ar bhonn níos foirmeálta.

Dul Chun Cinn: D'eagraigh an Ghníomhaireacht na hócáidí seo a leanas sa bhliain 2021.

Más bainteach, tá na tuarascálacha ar fáil ag www.housingagency.ie.

|  Ócáid |  Achoimre |
|--|--|
| Comhdháil Bhliantúil na Gníomhaireachta Tithíochta, ón 8 go 10 Samhain 2021 | <p>Dhírigh Comhdháil Tithíochta na bliana seo ar an mBeartas nua <i>Tithíocht do chách</i>, le hócáid tosaigh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an gcéad lá. Bhí an tAire Darragh O'Brien, Michael Carey, Bob Jordan, Marian Finnegan (Sherry Fitzgerald), agus Barry Quinlan (An Roinn Tithíochta, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil) i measc na gcainteoirí ann. Bhí rochtain ar líne ag daoine ar an ócáid chomh maith Cuireadh seimineáir gréasáin aonair ar bun ina dhiaidh sin gach lá faoi gach ceann de na ceithre chonair sa bheartas.</p> <p>Bhí 22 saineolaí ag caint ag an gcomhdháil ag cúig sheisiún leathlae. Bhí níos mó ná 1,500 duine i láthair ag na seisiúin comhdhála ón earnáil tithíochta ar fad - méadú suntasach (32%) i gcomparáid leis an ócáid ar líne sa bhliain 2020.</p> <p>Tá seisiún na comhdhála ar fáil le breathnú orthu ar chainéal YouTube na Gníomhaireachta Tithíochta.</p> |
| Rinneadh sraith tuarascálacha ó Ailtireacht Féineagraithe a sheoladh | <p>Bhí seoladh seimineár gréasáin ann do shraith tuarascálacha faoi phlean a leagan amach d'Earnáil Tithíochta inmharthana faoi threoir an phobail d'Éirinn, agus ghlac naonúir saineolaithe agus 370 duine eile páirt ar líne sna cuir i láthair agus sa phlé ann.</p> |
| Forálacha Chuid V leasaithe - an tAcht um Thithíocht Inacmhainne 2021 | <p>D'éascaigh an Ghníomhaireacht cruinnithe réigiúnacha Chuid V uair sa ráithe chun plé a spreagadh idir údaráis áitiúla in aice láimhe faoi chúrsaí a tháinig chun cinn maidir le Cuid V.</p> |

|  Ócáid |  Achoimre |
|--|--|
| Seoladh www.agefriendlyhomes.ie | <p>Sheol an tAire Peter Burke agus an tAire Mary Butler www.agefriendlyhomes.ie tríd é a bheoshruithú ó Theach an Chustaim.</p> <p>Chomhoibrigh an Ghníomhaireacht Tithíochta leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, leis an Roinn Sláinte agus le hAoisbhá Éireann chun suíomh gréasáin nua a fhorbairt d'fhonn tacaíocht agus eolas faoi thithíocht a sholáthar don phobal atá ag dul in aois. Ba í an Ghníomhaireacht Tithíochta a bhí freagrach as céim forbartha an tsuíomh gréasáin. Thug 1,200 duine níos mó ná 7,000 amharc ar an suíomh gréasáin laistigh de na chéad trí mhí.</p> |
| Foras Ailtireachta na hÉireann agus an Ghníomhaireacht Tithíochta ag Open House Dublin | <p>Sa bhliain 2021, d'aontaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta comhpháirtíocht bliana le Foras Ailtireachta na hÉireann chun réitigh agus smaointe forchéimnitheacha nuálacha a spreagadh le dul i ngleic lenár ndúshláin tithíochta. Tá na sonraí ar fad ar fáil ag www.housingunlocked.ie</p> |
| Óstáladh Seimineáir Gréasáin Oiliúna Forbairtí Ilaonaid | <p>I samhradh na bliana 2021, d'óstáil an Ghníomhaireacht Tithíochta sraith sé sheimineár gréasáin sheachtainiúla inar chuir saineolaithe comhairle ar fáil maidir le rialachas agus bainistíocht árasán agus forbairtí ilaonaid. Bhí sé sheimineáir gréasáin againn, bhí beagnach 2,000 amharc beo againn, agus d'fhreastail 850 duine ar sheisiún amháin nó níos mó. Bhí 1,200 ann amharc ar thaifeadtaí seimineár gréasáin cláraithe ar YouTube, ag an 1 Feabhra 2022. Tá na seimineáir gréasáin ar fáil le breathnú orthu ar chainéal YouTube na Gníomhaireachta Tithíochta - The Housing Agency - YouTube</p> |



Minister Darragh O'Brien and panellists at Annual Housing Conference 2021

|  Ócáid |  Achoimre |
|---|--|
| <p>D'óstáil sí Fóraim Idirnáisiúnta Eolais um Árasáin, Bloc Árasáin, MUD</p> | <p>I mí na Bealtaine agus i mí na Samhna na bliana 2021, d'óstáil an Ghníomhaireacht fóraim malartaithe eolais ar líne, le saineolaithe idirnáisiúnta as na réimsí seo a leanas; cónaí in árasáin, oibríocht agus bainistíocht. Déanann na seisiúin seo dea-chleachtas idirnáisiúnta a aithint agus a phríomhshruthú i measc na rannpháirtithe.</p> <p>Roinneann rialálaithe ionadaithe bainistíochta réadmhaoine, comhlachtaí tomhaltóirí/pobail, agus acadóirí as ocht dtír éagsúla léargas áitiúil agus eolas faoi fhorbairtí nua san earnáil. Beidh an chéad chruinniú eile den fhóram ar siúl i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna 2022.</p> |
| <p>An tSeirbhís um Threoir agus um Fhorbairtí Ilaonaid</p> | <p>Le linn 2021, d'fhreagair an Ghníomhaireacht beagnach 250 ceist ar an ríomhphost ó pháirtithe leasmhara i bhforbairtí ilaonaid, in árasáin den chuid is mó. Fuaireamar ceisteanna ó bhaill foirne na gcomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus na n-údarás áitiúil, ó thiarnaí talún, ó úinéirí lonnaitheach, agus ó sholáthróirí seirbhíse.</p> <p>Cuireann an Ghníomhaireacht eolas ábhartha agus treoir ar fáil, agus déanann sí atreuithe chuig acmhainní cuí eile, i gás daoine a bhfuil ceisteanna acu a bhaineann leis an earnáil MUD.</p> |
| <p>Aistriú eolais agus comhoibriú le Gníomhaireachtaí Stáit eile, agus le comhlachtaí proifisiúnta</p> | <p>Sa bhliain 2021, labhair Comhairleoir Forbairtí Ilaonaid na Gníomhaireachta ag comhdhálacha agus ag ócáidí oiliúna i gcomhpháirt le Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath; leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, le AHBRA; leis an gCumann Barra um Pleanáil, comhshaol agus rialtas áitiúil; le SCSÍ; le IPAV; agus le CÉTS.</p> |



The Housing Agency's Annual Housing Conference

Treoir

Chuir sí comhairle agus ábhair threoracha ar fáil sa bhliain 2021 maidir le réimse topaicí a bhain le cúrsaí tithíochta mar chuid dá ról, na hábhair seo a leanas ina measc:

Cuid V:


D'fhorbair agus scaip an Ghníomhaireacht an **3^ú hEagrán de Phacáiste Acmhainne Chuid V** i mí Aibreáin 2021. Tá treoir mhionsonraithe le fáil ann d'fhoireann na n-údarás áitiúil maidir le Cuid V agus faoi mar a bhaineann sé le hiarratais pleanála

Multi-Unit Developments:

- **Foilsíodh Comhlachtaí Bainistíochta na nÚinéirí - Treoir Achomair do Bhainisteoirí**, acmhainn nua a shainiathníonn 10 dtopaic a bhaineann le stiúrthóirí na gcomhlachtaí a bhainistíonn spásanna agus seirbhísí roinnte i bhforbairtí, amhail árasáin agus eastáit tithíochta.
- **Foilsíodh Gníomhaire Bainistíochta a earcú, Treoir do Chomhlachtaí Bainistíochta na nÚinéirí**, treoir le gach eolas a theastaíonn ó stiúrthóirí deonacha maidir le tairiscintí a chuir isteach ar ghníomhaire bainistíochta. Topaicí, ceisteanna, agus rioscaí féideartha atá ann.



Launch of Muds publications



Téama: Soláthar agus Úsáid Tithíochta a Bharrfheabhsú

Cuspóir: Chun soláthar agus úsáid éifeachtach stoic tithíochta a bharrfheabhsú trí eolas a thabhairt do chinntí polasaí, ag comhoibriú ar sholáthar le páirtithe leasmhara agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Aonad Seirbhísí na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

Tugann Aonad Seirbhísí CCT cúnamh don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus d'údaráis áitiúla maidir le cúrsaí soláthair faoi threoir Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

Déanann an t-aonad measúnachtaí airgeadais ar iarratais ar mhaoiniú Í&I/FCÁL ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus tugann sé moltaí don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi mhéid an mhaoinithe i gcás gach iarratas. Chomh maith leis sin, cuireann an t-aonad seirbhís um ullmhúchán conarthaí ar fáil do thionscadail atá dlite le soláthar.

Dul Chun Cinn: Críochnaíodh Measúnachtaí Airgeadais agus Tuarascálacha Meastóireachta le haghaidh 313 iarratas Í&I/FCÁL le linn 2021, leis an bhféidearthacht 7,522 teach a sholáthar. Ba ionann 260 measúnú agus 5,908 teach iad na figiúirí inchomparáide le haghaidh 2020.

| Iarratais Meastóireachta FCÁL a Próiseáladh agus Cineál Tionscadail ó 2016 go Nollaig 2021 | | | | | | | | |
|--|-----------------|-----------------------------------|---------------|------------------|--------|------------------|-------------------------|--------|
| | Éadail Dhíreach | Éadail Gníomhaireachta Tithíochta | Éadail Cuid V | Éadail Lándéanta | Tógáil | Tógáil Lándéanta | Athchóiriú / Athnuachan | Iomlán |
| Iarratais | 439 | 89 | 53 | 389 | 58 | 130 | 4 | 1,162 |
| Tithe Cónaithe Féideartha | 4,569 | 749 | 621 | 9,249 | 1,850 | 5,113 | 40 | 22,191 |

Ullmhaíodh conarthaí le haghaidh 190 tionscadal ar leith ina raibh 3,928 teach cónaithe san áireamh.

Rinne Aonad Seirbhísí CCT athbhreithniú ar an bpróiseas bailíochtaithe maidir le costas oibríochtúil thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus rinne sé teagmháil le trí cinn de na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta móra ionas go nglacfaidís páirt i leagan nua a chruthú den Teimpléad faoi Iarratais ar Chostais Oibríochtúla d'fhonn caighdeánú a dhéanamh ar an mbealach ina gcuirtear eolas ar fáil. Bhí sé beartaithe an teimpléid a chur i bhfeidhm go luath sa bhliain 2022.

Tá an tAonad Seirbhísí CCT ag cabhrú leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le hathbhreithniú ar struchtúr agus ar oibríocht mhaoiniú Í&I/FCÁL, chun a fháil amach an bhfuil gá le mionleasú a dhéanamh ar na socruithe maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar ó earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta i réimse níos leithne cheantair na n-údarás áitiúil. Tacaíonn sé seo le tiomantas a leagadh amach in Tithíocht do chách.

Tá Aonad Seirbhísí an CCT ag cur tacaíocht leanúnach ar fáil don Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i réimsí ar nós maoiniú lasachta Cothromais Cíos Costais (CREL), riachtanais maoinithe amach anseo maidir le réadmhaoin reatha a fhaigheann maoiniú caipitil, agus measúnacht ar fhoinsí malartacha maoinithe ó earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Éadálacha agus Foinsiú Tithíochta

De réir *Atógáil Éireann*, tugadh treoir don Ghníomhaireacht dul i dteagmháil go gníomhach le bainc agus le comhlachtaí infheistíochta le cuspóir 1,600 teach a fháil roimh dheireadh na bliana 2021.

Cuireadh maoiniú €76m ar fáil chuig an nGníomhaireacht go díreach sna blianta 2016 agus 2017, agus caithfeadh an maoiniú seo a bhogadh thart trí thithe atá ceannaithe cheana a dhíol le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Chomh maith leis sin, cheannaigh an Gníomhaireacht tithe go díreach d'údaráis áitiúla.

Déantar tuairisciú ar fhorás sa bhliain 2021 sa tábla thíos. Tríd is tríd, bhí ról gníomhach ag an nGníomhaireacht maidir le 109 teach sóisialta a sholáthar faoi na modhanna éagsúla seo maidir le ceannach agus soláthar, mar atá leagtha amach thíos:

| Modh | Uimhir |
|--|-----------------------|
| Ceannach | |
| Ceannach maoinithe €70m do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta | 42 ¹ |
| Ceannach díreach d'údaráis áitiúla | 43 |
| Ceannach d'Údaráis áitiúla mar chuid den tionscnamh Tús Áite do Thithíocht (easpa dídine) | 24 |
| Foinsiú Ionaid Réadmhaoine | 67² |
| Líon iomlán tithe a cuireadh ar fáil faoi mhodhanna soláthair éagsúla sa bhliain 2021 | 109 |

Nuair atá teach ceannaithe as an gciste €70m, ligtear ar léas é ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT) faoi léas feighlí, sula ndíoltar é leis an gComhlacht Ceadaithe Tithíochta. Ligeann an léas feighlí don Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta deisiúcháin a dhéanamh agus an t-ionad réadmhaoine a thabhairt do thionónta fad is atá an díolachán ag dul ar aghaidh.

Sa bhliain 2021, dhíol an Gníomhaireacht 138 teach³. Áirítear leis seo 134 teach a díoladh le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, ag fágáil iomlán na dtithe a díoladh le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ag 706 go dtí seo. Chomh maith leis seo, díoladh 4 ionad réadmhaoine le húdaráis áitiúla sa bhliain 2021, ag fágáil iomlán na dtithe a díoladh le húdaráis áitiúla ag 12 go dtí seo. Faoi dheireadh na bliana 2021, bhí 778 teach faoi thionóntacht.

- Fágann sé seo an t-iomlán a ceannaíodh maidir leis an maoiniú imrothlach ag 920 ag deireadh mhí na Nollag 2021. Léiríonn an uimhir atá taifeadta sna ráitis airgeadais de 43, glandifríocht de 1 ionad réadmhaoine. Léiríonn an difríocht seo réiteach ar ghluaiseacht cistí maidir le hionaid réadmhaoine idir 2020 agus 2021. Áirítear leis seo, 5 ionad réadmhaoine a fuair maoiniú sa bhliain 2021, ach idirbhearta le cur i gcrích sa bhliain 2022; 3 ionad réadmhaoine a fuair maoiniú sa bhliain 2020, curtha i gcrích go dlíthiúil sa bhliain 2021; agus 1 ionad réadmhaoine a fuair maoiniú sa bhliain 2020 nach ndeachaigh chun cinn, agus d'aisíoc dlíodóirí na cistí sa bhliain 2021.
- Léiríonn an uimhir atá taifeadta sna ráitis airgeadais de 63 glandifríocht de 4 ionad réadmhaoine. Léiríonn an difríocht seo réiteach ar ghluaiseacht cistí maidir le hionaid réadmhaoine idir 2020 agus 2021. Áirítear leis seo, 6 ionad réadmhaoine a fuair maoiniú sa bhliain 2020, idirbheart curtha i gcrích sa bhliain 2021; agus 2 ionad réadmhaoine a fuair maoiniú sa bhliain 2021, le cur i gcrích go dlíthiúil sa bhliain 2022.
- Léiríonn an uimhir atá taifeadta sna ráitis airgeadais de 136 glandifríocht de 2 ionad réadmhaoine. Dúnadh 1 ionad réadmhaoine sa bhliain 2020 ach fuarthas maoiniú sa bhliain 2021; fuarthas maoiniú ón údarás áitiúil le haghaidh 1 ionad réadmhaoine sa bhliain 2020 ach cuireadh an gníomhas aistrithe i gcrích sa bhliain 2021; agus dúnadh 2 ionad réadmhaoine sa bhliain 2021, agus fuarthas maoiniú sa bhliain 2022.

Freagairt a Thabhairt ar COVID-19 agus Soláthar Tithíochta Sóisialta

Ar an 6 Eanáir 2021, rinne an rialtas uasdátú ar a chuid beart maidir le scaipeadh COVID-19 a chosc, lena n-áirítear láithreáin tógála a dhúnadh, ach bhí roinnt bheag eisceachtaí ann lena n-áirítear na tionscadail tithíochta sóisialta ar measadh iad a bheith riachtanach bunaithe ar na critéir a bhí leagtha síos.

Bunaithe ar thaithí na Gníomhaireachta ón gcéad uair a tugadh bearta sláinte poiblí isteach i mí an Mhárta 2020, chuir an Ghníomhaireacht córas i bhfeidhm i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus leis an Oifig Comhordaithe Soláthair Tithíochta chun láithreáin a aithint mar thionscadail riachtanacha faoi réir na gcritéir a bhí leagtha síos. D'éascaigh an Ghníomhaireacht na láithreáin seo a choimeád oscailte, rud a chabhraigh le húdaráis áitiúla agus le soláthróirí eile tithíochta dul i ngleic leis na dúshlán tithíochta a bhain le COVID-19.

Ba é ról na Gníomhaireachta tionscadail áirithe tithíochta a ainmniú mar thionscadail riachtanacha sláinte nó cinn gaolmhar leo faoi réir an Achta Sláinte 1947 (Alt 31A - Srianata Sealadacha) (Covid-19) (Uimhir 10) (leasú) Rialacháin 2021, agus na cáipéisí riachtanacha a eisiúint do gach láithreán.

Sa bhliain 2021, d'ainmnigh an Ghníomhaireacht 367 scéim mar thionscadail riachtanacha, 5,328 teach in 31 údaráis áitiúil agus in 14 chomhlacht ceadaithe tithíochta a bhí iontu.



Forbairt agus Bainistíocht Talún

Ag deireadh mí na Nollag 2021, bhí 75 láithreán i seilbh na Gníomhaireachta agus iad suite ar fud na tíre. Tá freagracht orainn na láithreáin seo a bhainistiú, ach níos tábhachtaí ná sin, láithreáin chuí a aithint le haghaidh forbraíocht tithíochta.

Dul Chun Cinn: Aistríodh go hiomlán 14 láithreán na Scéime Comhiomlánaithe Talún agus láithreán amháin na Gníomhaireachta go dtí seo. Tá 18 aistriú iomlán/páirteach sa bhreis idir lámha. Rinneadh 515 teach nua san iomlán a sholáthar, agus críochnaíodh 168 díobh seo sa bhliain 2021.

Diúscairtí Suíomhanna Iomlána a críochnaíodh sa bhliain 2021

An Charraig, Contae Loch Garman

Diúscairt: Diúscairt chuig Comhairle Contae Loch Garman

Forbraíocht: 12 teach sóisialta

Stádas an Tionscadail: Tógáil críochnaithe agus áitritheoirí iontu

Lios Uí Mhulláin, Baile Átha Luain. Contae na hIarmhí

Diúscairt: Diúscairt chuig Comhairle Contae na hIarmhí

Forbraíocht: Forbraíocht 200 teach ar dtús agus d'fhéadfadh 570 teach cónaithe a bheith ann amach anseo


Stádas an Tionscadail: Tógáil le tosú R1 2022

Seanbhóthar Chnoc Maí, Port Laoise, Contae Laoise

Diúscairt: Diúscairt chuig Comhairle Contae Laoise

Forbraíocht: 33 teach sóisialta

Stádas an Tionscadail: Tógáil críochnaithe agus áitritheoirí iontu



Tithe Nua críochnaithe in 2021

Coill na Darach, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí

Diúscairt: Diúscairt chuig Comhairle Contae Chorcaí chun forbraíocht a éascú faoin nGníomhaireacht Airgeadais Forbartha Náisiúnta CPP Beart 2

Forbraíocht: 50 teach sóisialta

Stádas an Tionscadail: Tógáil críochnaithe agus áitritheoirí iontu ar fad

Bóthar Bhaile an Mhóinín, Contae na Gaillimhe

Diúscairt: Diúscairt chuig Comhairle Contae na Gaillimhe Céim 2

Forbraíocht: 78 teach sóisialta

Stádas an Tionscadail: Tógáil críochnaithe agus áitritheoirí iontu ar fad

Páirceanna an Bhaile, Ceanannas, Contae na Mí

Diúscairt: Diúscairt chuig Comhairle Contae na Mí

Forbraíocht: 40 teach sóisialta

Stádas an Tionscadail: Tógáil críochnaithe agus áitritheoirí iontu ar fad

MERITS Foirgneamh críochnaithe in 2021

Beairic Uí Dhubhuí, An Nás, Contae Chill Dara

Diúscairt: Diúscairt páirteach chuig Comhairle Contae Chill Dara chun forbairt ar fhoirgneamh MERITS a éascú

Forbraíocht: Comhairle Contae Chill Dara - MERITS

Stádas an Tionscadail: Tógáil críochnaithe

Réamhshuirbhé ar ghnáthóga críochnaithe sa bhliain 2021

Rinne an Gníomhaireacht Tithíochta réamhshuirbhé ar ghnáthóga ag roinnt suíomhanna ar thalamh dá cuid, suíomhanna nach bhfuil súil acu iad a fhorbairt.

Ba é cuspóir an mheasúnaithe seo na gnéithe éiceolaíocha atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas, laistigh den talamh féin agus sa cheantar máguaird. Ba é toradh na suirbhéanna seo go raibh gá le gníomhaíochtaí bithéagsúlachta ag ceithre shuíomh ar thailte de chuid na Gníomhaireachta. Seo iad na suíomhanna sin: Bréantrá, Contae Chorcaí; Baile Mhistéala, Contae Chorcaí; An Urnaí, Contae Chill Dara; Baile an Fhóid, Contae Shligigh.



Housing Projects and Procurement



Cuireann an Gníomhaireacht comhairle theicniúil agus comhairle ar bhainistíocht tionscadail ar fáil d'údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Clúdaíonn an cúnamh seo gach céim d'fhorbairt tionscadail ó staidéar féidearthacht, trí dhearadh, tairiscint, tógáil agus aistriú.

Soláthar

Tar éis Aonad Soláthair a bhunú sa bhliain 2016, leanann an Gníomhaireacht le sainchomhairleoireacht soláthair a chur ar fáil d'údaráis áitiúla, do Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (CÉTS) agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta aonair. Oibríonn sé chomh maith i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, leis an Oifig Comhordaithe um Sholáthar Tithíochta, agus go himhneánach le rannóga eile den Gníomhaireacht Tithíochta.



Dul Chun Cinn: Ghlac an tAonad Soláthair páirt i seimineáir oiliúna do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus d'údaráis áitiúla araon. Rinneadh níos mó teagmhála linn i ndiaidh na seimineár seo, ar ábhair amhail comhairle ghinearálta ar straitéisí soláthair, iarratais ar staidéir féidearthachta a dhéanamh nó próisis iomlána soláthair a bhainistiú. Chuir an tAonad Soláthair seirbhísí ar fáil do Shainchomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a oibríonn i réimsí a bhaineann le foréigean teaghlaigh, le míchumas intleachtúil agus fisiciúil, le heaspa dídine, agus le daoine scothaosta.

I gcomhréir le Gníomh 24.7 de *Thithíocht do Chách*, beidh an tAonad Soláthair ag fás chun seirbhísí agus tacaíochtaí teicniúla a sholáthar d'údaráis áitiúla, lena n-áirítear dearadh soláthair agus modhanna nua tógála.

|  Cineál Tacaíochta agus Comhairle |  Soláthar |
|--|---|
| Soláthar comhairleora foirme deartha le haghaidh tionscadail tithíochta a sholáthar i gcomhréir le riachtanais den Chreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le haghaidh ceithre thionscadal. | 39 teach a sholáthar |
| Soláthar comhairleora foirme deartha le haghaidh tionscadail tithíochta a sholáthar i gcomhréir le riachtanais den Chreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla d'údaráis áitiúla le haghaidh sé thionscadal. | 86 teach a sholáthar |
| Chuir foireann deartha na Gníomhaireachta Tithíochta staidéar féidearthacht agus breithmheas caipitil ar fáil do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le haghaidh cúig thionscadal. | Soláthar féideartha 48 teach |
| Soláthar, an Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC), agus tacaíocht chomhairleach féidearthachta do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus d'údaráis áitiúla le haghaidh cúig thionscadal. | 153 teach a sholáthar |
| Measúnacht Comhrá iomaíoch le haghaidh trí phróiseas mar thacaíocht d'údarás áitiúil | Soláthar féideartha suas le 3,000 teach |

Tionscadail

Dul Chun Cinn: Chuir an Ghníomhaireacht bainistíocht tionscadail, dearadh agus riarachán conartha ar fáil do na tionscadail tógála seo a leanas:

|  Cineál Tacaíochta agus Comhairle |  Soláthar |
|---|---|
| Céim 2C d'Athnuachan Ceathrún Chorcaí Thiar Thuaidh | 24 teach |
| Céim 4A d'Athnuachan Ceathrún Chorcaí Thiar Thuaidh | 43 teach |
| Tithíocht Dharú - céim deartha agus pleanála | 18 dteach |
| Mullach Meata, Contae Mhuineacháin | 80 teach |
| Gort an Chaocháin, Contae Mhuineacháin | 12 theach |

Chuir an Ghníomhaireacht seirbhísí teicniúla ar fáil sna réimsí seo a leanas:

- **An Tionscnamh Tús Áite do Lár an Bhaile** - Iarratas le beartais a moladh le cur san áireamh i gCreat TCF.
- **ÚNM - Dearadh Uilíoch do Thithíocht** - Ball den Ghrúpa comhairleach teicniúil. Maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar anailís costais is tairbhe agus comhairle a chur ar fáil faoi thaighde thábhachtach.

An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Athdhearbhaíodh agus leathnaíodh an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (SNTDLM) 2011 - 2016 go dtí 2021. Tá an Ghníomhaireacht i gceannas ar an bhFoghrúpa Náisiúnta Tithíochta agus déantar ionadaíocht di ar an nGrúpa Faireacháin Feidhme agus cuireann sí soláthar na ngníomhaíochtaí tithíochta i bhfeidhm mar a leagtar amach laistigh den SNTDLM.

Críochnaíodh an *Straitéis Tithíochta Náisiúnta do dhaoine faoi mhíchumas (2022-2027)* sa bhliain 2021 Thug an Ghníomhaireacht tacaíocht don Ghrúpa Náisiúnta Comhairleach chomh maith leis an bpróiseas comhairliúcháin don straitéis nua a chomhordú. Tiocfaidh an straitéis nua i bhfeidhm ón mbliain 2022 ar aghaidh in áit na straitéise roimhe sin.

Chuir an Ghníomhaireacht tacaíocht ar fáil do Ghrúpaí Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas agus do pháirtithe leasmhara eile i rith na bliana. Bhailigh sí agus chuir sí sonraí i dtoll a chéile maidir le leithdháileadh tacaíochta tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas. D'eagraigh an Ghníomhaireacht dhá sheimineár gréasáin Oiliúna d'údaráis áitiúla maidir le Feasacht ar Mheabhairshláinte, agus d'éascaigh Cúram Sláinte FITAC iad seo.

Forbraíodh an *Fhoirm Fhaisnéise Míchumais agus/nó Leighis (HMD1- Foirm 1)* i gcomhar le húdaráis áitiúla. Forbraíodh an fhoirm seo chun go mbeadh sé níos fusa measúnú a dhéanamh ar dhaoine a chuireann iarratais isteach ar thithíocht shóisialta ar chúiseanna míchumais nó leighis. Forbraíodh leagan nua den *Treoir Sholáite chun Foirm Iarratais ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialta a Líonadh* d'fhonn tacú le daoine faoi mhíchumais intleachtúil le foirm iarratais na n-údarás áitiúil a líonadh.



Cláir

An Scéim um Fheabhsúchán Piríte

Cuireann an Gníomhaireacht An Scéim um Fheabhsúchán Piríte i bhfeidhm thar ceann an Bhoird um Réiteach Piríte. Tá clár oibreacha ag an nGníomhaireacht faoi láthair a leanfaidh ar aghaidh isteach go 2023.

Dul Chun Cinn: Suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2021, fuarthas 3,063 iarratas faoin Scéim um Fheabhsúchán Piríte agus glacadh le 2,530 díobh le cuimsiú.

Ba é €20m a bhí i leithdháileadh an mhaoinithe le haghaidh 2021, bunaithe ar fheabhsúchán déanta ar 265 teach cónaithe. Cuireadh 44% níos mó iarratas isteach faoin scéim sa bhliain 2021 i gcomparáid le 2020

D'imir an phaindéim COVID-19 tionchar ar sholáthar tithé cónaithe a ndearnadh feabhsúchán orthu sa bhliain 2021, agus rinneadh feabhsúchán ar 201 teach cónaithe san iomlán faoi dheireadh na bliana. Mar thoradh ar thionchar an chláir, d'athraigh leithdháileadh an mhaoinithe go dtí €15m.

Faoi deireadh na bliana 2021, bhí feabhsúchán críochnaithe ar 2,292 teach cónaithe.

| An Scéim um Fheabhsúchán Piríte - Tithé a ndearnadh Feabhsúchán orthu | | | | | |
|---|----|----|----|----|--------|
| | R1 | R2 | R3 | R4 | Iomlán |
| 2021 | 35 | 32 | 85 | 49 | 201 |
| 2020 | 69 | 18 | 25 | 89 | 201 |

| An Scéim um Fheabhsúchán Piríte - Iarratais a Fuarthas | | | | | |
|--|----|----|----|----|--------|
| | R1 | R2 | R3 | R4 | Iomlán |
| 2021 | 48 | 87 | 76 | 67 | 278 |
| 2020 | 59 | 29 | 53 | 52 | 193 |

An Scéim Deontas do Bhloic Lochtacha Coincréite

Ar iarratas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, thug an Gníomhaireacht Tithíochta cúnamh teicniúil do ghrúpa na n-úinéirí tí le hullmhúchán a n-iarratais lena chur faoi bhráid ghrúpa oibre na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Éilíonn riarachán athbhreithnithe na Scéime Feabhsaithe Deontais do Bhloic Lochtacha Coincréite ar an Gníomhaireacht Tithíochta iarratais a thabhairt ar lámh ó na húdaráis áitiúla, agus innealtóirí agus saineolaithe gaolmhara a lorg agus a earcú chun measúnachtaí agus tástáil a dhéanamh agus moltaí a thabhairt i gcomhréir le IS 465. Tá tús curtha leis na creataí riachtanacha a chur ar bun.

Déanfaidh an Gníomhaireacht Tithíochta taighde a choimisiúnú faoin tsamhail rialachais agus riaracháin fhadtéarmach is oiriúnaí don Scéim Deontais do Bhloic Lochtacha Coincréite

Téama: Éileamh agus Inacmhainneacht Tithíochta a Thuiscint

Cuspóir: Treochtaí éilimh tithíochta a thuiscint agus freagra a thabhairt dóibh agus tús áite a thabhairt d'inacmhainneacht tithíochta trí eolas a dhéanamh do chinntí polasaí agus a bheith ag comhoibriú ar bhearta le páirtithe leasmhara chun déileáil le saincheisteanna éilimh agus inacmhainneachta.

Morgáiste go Cíos

Is comhordaitheoir náisiúnta í an Gníomhaireacht Tithíochta don Scéim Náisiúnta Morgáiste go Cíos (MGC), tionscnamh rialtais a thugann cúnamh d'úinéirí tí atá i mbaol a dtithe a chailleadh.

Sa bhliain 2021, bhain 678 úinéir tí leas as an Scéim MGC. Fágann sé sin líon iomlán na dteaghlach a bhain leas as an scéim ag 1,682 (5,012 duine aonair, 2,738 duine fásta agus 2,274 páiste).

Tá 720 cás eile i mbun próiseála faoi láthair agus tá méadú tagtha ar úsáid na scéime bliain i ndiaidh bliana. Sa bhliain 2019, bhain 196 teaghlach leas as an scéim, agus bhain 363 teaghlach eile leas aisti sa bhliain 2020. Sa bhliain 2021, tháinig méadú ar an líon sin go 678.

Bhí scéim threisithe MGC geallta i gClár an Rialtais agus i dTithíocht do chách, plean náisiúnta tithíochta an rialtais go dtí an bhliain 2030. Tá Tithíocht do chách tiomanta don scéim a threisiú chun a chinntiú go gcabhraíonn sé leo siúd a bhfuil sé de dhíth orthu, le soláthar 1,000 réiteach ar an meán gach bliain ó 2022 ar aghaidh.



Rinne an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht athbhreithniú ar an Scéim Náisiúnta Morgáiste go Cíos sa bhliain 2021 i gcomhar leis an Gníomhaireacht Tithíochta.

An Próiseas Réitigh do Riaráiste Morgáiste

Lean an Gníomhaireacht le comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do bhaill foirne na n-údarás áitiúil ar gach gné den Phróiseas Réitigh Riaráiste Morgáiste (PRRM), lena

n-áirítear Morgáiste go Cíos Údarás Áitiúil (MGCÚÁ) agus athstruchtúrú iasachtaí le húinéireacht roinnte. Is réiteach malartach é MGCÚÁ nuair nach bhféidir aon socrú a chur i bhfeidhm faoin PRRM agus atá á fheidmiú laistigh de gach údarás áitiúil. Cuirimid comhairle agus tacaíocht ar fáil chomh maith do líonraí atá bunaithe ar bhonn réigiúnach chun taithí agus dea-chleachtas a roinnt.

Chuir an Ghníomhaireacht oiliúint PRRM ar fáil d'údaráis áitiúla ar fud na tíre in R4 2021. Reáchtáladh ceithre sheisiún eolais le dhá leathlá oiliúna i ngach cúrsa. Ghlac 144 ball foirne as údaráis áitiúla páirt sna seisiúin oiliúna seo. Bhí achoimre ar PRRM, árachas um chosaint morgáiste, úinéireacht roinnte agus MGCÚÁ mar chuid oiliúint. D'éascaigh an Ghníomhaireacht seisiún oiliúna airgeadais ar Teams chomh maith i gcomhar le Comhairle Contae na hIarmhí, agus ghlac 90 ball foirne na n-údarás áitiúil páirt ann. Rinneadh taifead ar na seisiúin seo agus tá fáil ag údaráis áitiúla orthu ar an tairseach Housing Manual.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an uirlis PRRM faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas is ábhartha agus suas chun dáta ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le riaráistí morgáiste.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Tugadh ÍCT isteach deireanach sa bhliain 2014 ar bhonn píolótach agus seoladh ar bhonn náisiúnta é i gcéimeanna agus rinneadh scéim náisiúnta de sa bhliain 2017. Tugadh an íocaíocht isteach chun seans a thabhairt do dhaoine atá incháilithe do thithíocht shóisialta, agus a bhfuil riachtanas tí fadtéarmach acu, a bheith ina gcónaí i lóistín príobháideach ar cíós. Tháinig sé in áit Forlíonadh Cíosa dóibh siúd le riachtanas tithíochta fadtéarmach. Is príomhghné í an Ghníomhaireacht maidir le feidhmiú an tionscnaimh seo ar bhonn náisiúnta.

Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag tabhairt cúnaimh d'údaráis áitiúla agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le cur chun feidhme na scéime sa bhliain 2021. Tugann an Ghníomhaireacht cúnaimh do chruinnithe Choiste Náisiúnta ÍCT na gCleachtóirí agus do chruinnithe an Líonra Náisiúnta ÍCT (Áit a Aimsiú) do dhaoine Gan Dídean. Is ball í an Ghníomhaireacht den Choiste Maoirseachta um Rialachas ÍCT, agus den Fhochoiste Próisis ÍCT. Chomhordaigh an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar na socruithe rialachais don scéim ÍCT. Eisíodh tuarascáil do Ghrúpa Maoirseachta ÍCT i mí Mheán Fómhair 2021 agus ghlac an grúpa seo leis an struchtúr nua a moladh.

Chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta de chúram ar an nGníomhaireacht Tithíochta tionscadal a choimisiúnú faoi na himpleachtaí a bhaineann le hathruithe ar na híocaíochtaí lánroghnacha a ceadaítear faoi ÍCT, agus an obair seo le tosú déanach sa bhliain 2021.

Aonad um Thithíocht Inacmhainne agus Seirbhísí Náisiúnta an Fhrithgheallta Iasachta

Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann

Sa bhliain 2021, fuarthas 2,629 iarratas ar Iasachtaí Tithíochta Atógáil Éireann ar fad le frithghealladh. As na 2,581 iarratas a measadh gur bailí iad, moladh 1,329 (51%) le ceadú agus moladh 1,252 (49%) le diúltú. Ní raibh aon iarratas idir lámha ag deireadh 2021.

Ó tugadh Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann isteach sa bhliain 2018, fuarthas 11,119 iarratas ar Iasacht le frithghealladh. Moladh 49.5% ar an meán de na hiarratais le ceadú, agus moladh 50.5% díobh le diúltú.

Ón 4 Eanáir 2021 ar aghaidh, tabharfar Iasacht Tí Údaráis Áitiúil ar Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann agus cuirfear roinnt athruithe i bhfeidhm faoin athbhrandáil seo.

Iasacht ar Chothromas Cíos de réir Costais (CREL)

Rinneadh 390 Teach ar Cíos de réir Costais a mholadh le haghaidh maoiniú CREL go dtí seo, i ndiaidh an Chéad 'Ghairm Tograí'. Sa bhliain 2021, cuireadh 65 teach ar cíos de réir costais ar fáil, agus chuir daoine fúthu iontu. Tugadh réamhíocaíocht ar aon Iasacht luathaithe CREL amháin agus rinneadh tarraingt anuas ar dhá Iasacht CREL eile. Chuir an t-aonad tuairisceáin mhíosúla chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa maidir leis na hiasachtaí seo.

Eisíodh an dara 'Gairm Tograí' ar CREL ar an 14 Samhain 2021 chuig Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, agus fuarthas 14 mholadh tionscadal le measúnú a dhéanamh orthu. Rinneadh na moltaí a rangú i gcomhréir leis na critéir a leagadh síos i CfP2. Moladh ocht moladh tionscadal don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht lena ceadú, tionscadail a sholáthródh 431 teach ar cíos de réir costais agus a mbeadh riachtanas €44,707,423 acu i maoiniú carnach CREL.

Tugann an t-aonad cúnaimh leanúnach don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, maidir leis an mbeartas chun 'gairm rollach' do CREL a chur i bhfeidhm go luath sa bhliain 2022.

Socruithe Ceannaigh Áitreabh Inacmhainne

Thug an Ghníomhaireacht cúnaimh don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht maidir le forbairt ar leagan nua de Scéim Náisiúnta Cothromais Chomhroinnte an Chéad Bhaile a chur chun cinn. Mar a fhoráiltear sa reachtaíocht, chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht Meán Sainchuspóirí ar bun sa bhliain 2021.

Sa bhliain 2021, lean an t-aonad le tacaíocht a thabhairt don Roinn maidir le Scéim Ceannaigh Inacmhainne na n-údarás áitiúil a fhorbairt. D'oibrigh an t-aonad chomh maith i gcomhpháirt leis an Oifig Comhordaithe um Sholáthar Tithíochta agus lenár gcomhairleoirí dlí chun teimpléid faoi chomhaontuithe dlíthiúla a fhorbairt maidir le tithíocht inacmhainne na n-údarás áitiúil a sholáthar. Cuireadh an chéad dréacht-chomhaontú i gcrích sa bhliain 2021.

An Ciste um Thithíocht Inacmhainne

I ndiaidh athbhreithniú ar an gCiste Láithreán Seirbhísithe (CLS) sa bhliain 2021, thug an t-aonad cúnaimh don Roinn chun an Ciste um Thithíocht Inacmhainne a fhorbairt, ciste a tháinig in áit an CLS. Tugann an t-aonad cúnaimh don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht leis an measúnú tosaigh ar iarratais CTI ó údarás áitiúla faoi réir Chiorclán 23/2021. Fuair an Ghníomhaireacht cúig iarratas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht sa bhliain 2021. Cuireadh aon mheasúnú CTI amháin i bhfeidhm agus bhí cúig cinn idir lámha ag deireadh na bliana.



Launch of Cost Rental Homes, Enniskerry Road

Téama: Torthaí a Thuiscint Trínár nDaoine

Cuspóir: *Lena chinntiú go dtacaíonn córais agus cultúr na Gníomhaireachta gach duine lena dtéimid i dteagmháil leo chun ár gcuspóirí a bhaint amach.*

I gcomhréir le freagrachtaí agus acmhainní níos mó, d'fhás foireann na Gníomhaireachta ó 111 ag deireadh na bliana 2020 go 114 ag deireadh na bliana 2021. Le linn na tréimhse seo, aistríodh 12 bhall foirne ón nGníomhaireacht Tithíochta go dtí an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a bhí nuabhunaithe.

I rith na bliana, thug an Ghníomhaireacht faoi roinnt tionscnamh chun cúnamh na ndaoine a oibríonn san agus leis an eagraíocht a bharrfheabhsú:

- Is tosaíocht i gcónaí éifeachtacht an Bhoird a fheabhsú, agus rinneadh dul chun cinn air seo trí dheiseanna oiliúna, trí sheisiúin eolais an bhoird ó shaineolaithe ábhair sheachtracha, agus trí ionchur leanúnach ó phainéil chomhairleacha na Gníomhaireachta maidir le taighde/léargas, le hinacmhainneacht agus le heaspa dídine. Cuireadh seisiún ionduchtúcháin ar fáil do bheirt chomhalta boird nua.
- Ullmhaíodh Plean Fórsa Saothair le haghaidh 2021 agus d'aontaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht leis. Leagann an plean amach riachtanais foirne chun freagra a thabhairt ar riachtanais seirbhíse. Ceapadh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua, is é sin Bob Jordan, i mí Mheán Fómhair, i ndiaidh comórtas oscailte.

- Lean le Straitéis AD a chur i bhfeidhm sa bhliain 2021. Rinneadh an clár scileanna a uasdátú agus rinneadh clár ceannaireachta a dhearadh agus cuireadh tús leis. Beidh an obair seo ag leanúint ar aghaidh le linn na bliana 2022.
- Lean baill foirne ag obair ón baile, i gcomhréir le comhairle ón rialtas le linn COVID-19. Rinneadh monatóireacht ar Phlean Leanúnachais Gnó na Gníomhaireachta ar bhonn leanúnach, agus lean baill foirne ag obair go cianda. Cuireadh tuilleadh tacaíochtaí i bhfeidhm, lena n-áirítear TFC agus trealamh riachtanach eile, ceardlanna meabhairshláinte agus folláine, agus cumarsáid rialta ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Ceapadh Ionadaithe Oibrí COVID, agus rinneadh monatóireacht ar phrótacail sábháilteachta oifige ar bhonn rialta.
- Lean an Ghníomhaireacht lena tiomantas maidir le hoiliúint agus forbairt le linn 2021. Trí thorthaí a aithint trínár ndaoine, leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh le hinniúlacht agus scileanna a fhorbairt trí réimse méadaithe deiseanna oiliúna agus forbartha. Cuireadh Tairseach Oiliúna nua ar líne ar fáil don fhoireann ar fad, agus tacaíodh le forbairt ghairmiúil leanúnach.

Téama: Tiomantais Rialachais agus Seirbhíse a Shásamh

Cuspóir: *Lena chinntiú go n-oibrímid go dtí ardleibhéil rialachais na hearnála poiblí agus comhpháirtíochtaí láidir a fhorbairt le bunpháirtithe leasmhara.*

Rialáil Dheonach Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBRA) i mí Feabhra na bliana 2021, cuireadh deireadh le rialáil dheonach sa chuid eile den bhliain sin, agus ansin tháinig AHBRA i bhfeidhm ag tús na bliana 2022. Ba é timthriall measúnaithe na bliana seo an ceann deireanach a rinneadh i dtimpeallacht dheonach.

Is é Coiste Rialála Eatramhach (IRC) a rialaigh an Oifig Rialála, ó bunaíodh í, agus is baill foirne neamhfheidhmiúcháin a raibh an-taithí acu i réimsí rialacháin, dlí agus airgeadais a bhí san IRC Bhí a gcruinniú deiridh ag an gCoiste sin ar an 13 Nollaig 2021 agus dhíscaoil an tAire go hoifigiúil é ón lá sin amach.


Dul Chun Cinn: Chláraigh 287 Comhlacht Ceadaithe Tithíochta ar fad, ag déanamh ionadaíochta do 43,252 teach, don Chód Rialála Deonach. Is é seo an líon is mó tithe cónaithe faoin timpeallacht dheonach ó tháinig an cód i bhfeidhm.

Tharraing an timthriall measúnaithe rialála deiridh aird ar na láidreachtaí agus ar na feabhsuithe a rinneadh san earnáil. Thug sé seo léargas ar an ndul chun atá déanta san earnáil maidir le tuiscint ar na rioscaí a bhaineann lena timpeallacht oibre agus leis an ngeilleagar go ginearálta agus maidir leis na rioscaí a bhaineann leis seo a bhainistiú, chomh maith le léargas ar an ndul chun cinn atá déanta maidir le soláthar nua riachtanach a chur ar fáil agus gníomhaíochtaí oibríochtúla a bhainistiú go héifeachtach.

Is díol suntais é an tiomantas a léiríonn Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta lena chinntiú go bhfuil na caighdeáin rialála á leabú go hiomlán ina n-eagraíochtaí. Tháinig feabhas ar chaighdeán na faisnéise a cuireadh isteach chuig an oifig seo bliain i ndiaidh bliana agus tá fianaise ann atá ag dul i méid ar fheabhsúcháin maidir le léargas boird agus monatóireacht ar ghníomhaíochtaí eagraíochtúla. Níl aon dabht ach go n-ullmhóidh sé seo an earnáil le haghaidh rialachán reachtúil.



Cúrsaí Rialachais



Cúrsaí Rialachais

Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* ina bhunchloch ag an nGníomhaireacht Tithíochta dá creat rialachas Tá an Ghníomhaireacht tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar a cuid polasaithe rialachais agus nósanna imeachta ar bhonn rialta. Tá an Ghníomhaireacht tiomanta do chultúr dea-rialachais agus dea-chinnteoireachta a chothú. Le linn 2021, chuir an Ghníomhaireacht Clár Ceannasaíochta Forbraíochta i bhfeidhm ar bhonn céimneach, agus bhí an chéad mhodúil dírithe ar rialachas. Chríochnaigh gach bainisteoir sinsearach é seo agus cuirfear ar fáil é don fhoireann meánbhainistíochta go luath sa bhliain 2022, d'fhonn cultúr dea-rialachais a chothú i gcónaí.

An tAcht um Choimhlintí Leasa agus Eitic san Oifig Phoiblí, 1995

D'fhorbair an Ghníomhaireacht Tithíochta beartas coimhlinte leasa in 2016, ós rud é go dtagann an eagraíocht faoi raon feidhme an Achta um Eitic san Oifig Phoiblí, 1995. Ionchorpraíodh é seo sa bheartas agus sa nós imeachta foriomlán a glacadh chun coimhlintí leasa a bhainistiú. Ag teacht leis an Acht um Eitic in Oifigí Phoiblí 1995, nuair is gá, tá ráitis leasa curtha i gcrích ag comhaltaí an Bhoird agus ag an mbainistíocht shinsearach i gcomhlíonadh fhorálacha an achta nuair ba ghá. Tá nósanna imeachta

i bhfeidhm maidir le nochtadh leanúnach leasanna a dhéanann comhaltaí an bhoird.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Tháinig an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi fhorálacha an *Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014* (an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014), ar an 14 Aibreán 2015. Fuaireamar 27 iarratas ar Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2021. Tháinig ár scéim foilsithe i bhfeidhm sa bhliain 2016 agus tá sí ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Ní bhfuarthas aon iarratais sa bhliain 2021 faoi na rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (AIE).

Cosaint Sonraí agus RGCS

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta tiomanta lenár n-oibleagáidí faoi na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh. Is rialaitheoir sonraí agus próiseálaí sonraí cláraithe í an eagraíocht faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn sé de réir Beartais fhoirmiúil um Chosaint Sonraí. Déanann an Ghníomhaireacht na nósanna imeachta seo a athbhreithniú agus a leasú mar is gá. Tugann an fhoireann um Chosaint Sonraí tacaíocht don eagraíocht i gcónaí le cinntiú go n-úsáidtear na cuir chuige agus nósanna imeachta cearta chun sonraí pearsanta a choimeád slán. Nithe lárnacha eile atá i bhfeidhm is ea ráitis phríobháideachta na heagraíochta (atá ar fáil ar housingagency.ie), a

thugann tuiscint d'úsáideoirí seirbhísí ar an gcaoi a n-úsáideann agus a gcosnaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta sonraí. Tá fardal i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta a shonraíonn saolré sonraí pearsanta (taifead na gníomhaíochtaí próiseála).

Tá oiliúint agus cumarsáid ríthábhachtach chun a áirithiú go gcloítear leis an gcultúr ceart agus leis na cleachtais chearta laistigh den eagraíocht, go háirithe agus baill foirne ag obair ón mbaile le linn na bliana 2021 Le linn na bliana 2021, cuireadh béim ar fheasacht ar ar oiliúint. Cuireadh béim shonrach ar shárú ar sonraí a chosc, trí oiliúint athnuachana a chur ar fáil don fhoireann ar fad sa bhliain 2021 Cuirtear oiliúint cosanta sonraí ar fáil do gach ball foirne nua mar chuid de chlár ionduchtúcháin na Ghníomhaireachta.

Sa bhliain 2021, thug an fhoireann cosanta sonraí faoi cheithre mheasúnú tionchair cosanta sonraí, agus dhéileáil siad le 56 athbhreithniú ar cheisteanna/ ar cháipéisí agus le trí iarratas ar rochtain ar ábhair sonraí.

Dualgas um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi réir an Dualgas um Chearta an Duine agus Comhionannas san Earnáil Phoiblí. Éilíonn an dualgas ar an nGníomhaireacht Tithíochta aird a thabhairt ar an ngá le hidirdhealú a dhíchur, comhionannas nó deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint d'fhoireann agus d'úsáideoirí seirbhíse agus gach

Tá oiliúint agus cumarsáid ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil an cultúr agus na cleachtais chearta leabaithe laistigh den eagraíocht, go háirithe sa timpeallacht chianoibre ina raibh an eagraíocht ag feidhmiú i rith 2021. Le linn 2021, leagadh béim ar fheasacht agus oiliúint. Díríodh go sonrach ar shárú sonraí a chosc, lena n-áirítear gach ball foirne a d'fhreastail ar oiliúint athnuachana in 2021. Cuirtear oiliúint um chosaint sonraí ar fáil do gach ball foirne nua mar chuid de chlár ionduchtaithe na Gníomhaireachta Tithíochta.

feidhm ghnó á cur i bhfeidhm aici. Táimid tiomanta lena áirithiú go ndéantar comhionannas agus cearta an duine a mheas inár n-oibríochtaí ó lá go lá.

Sa bhliain 2021, rinneamar an Tionscadal um Chearta an Duine agus Comhionannas de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta. Bhí measúnú ar ár n-úsáideoirí seirbhísí, ar ár bhfoireann agus ar ár bpáirtithe leasmhara mar chuid den tionscadal. Tá plean gníomhaíochta le haghaidh Dualgas san Earnáil Phoiblí a leabú san eagraíocht ar fad leagtha amach sa tuarascáil atá curtha i gcrích. Tá plean gníomhaíochta na Gníomhaireachta ag teacht le pleanáil straitéiseach na heagraíochta agus cuirfear i bhfeidhm é sa bhliain 2022.

Tá an Gníomhaireacht Tithíochta tiomanta do dhínit agus do mheas a chosaint ar fud na heagraíochta agus cloíonn sí leis an mbeartas dínite ag an obair arna fhorbairt ag an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí in 2015. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ceanglaítear leis an *Acht um Nochtadh Cosanta, 2014*, ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun déileáil le nochtadh cosanta, agus faisnéis i scríbhinn a sholáthar d'fhostaithe maidir leis na nósanna imeachta seo. Tá na nósanna imeachta seo curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Le linn 2021, ní dhearna aon fhostaí de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta aon nochtadh cosanta faoi théarmaí na reachtaíochta.

Cánachas

Deimhníonn an Gníomhaireacht Tithíochta go gcomhlíontar dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena áirithiú go gcomhlíonann an Bord a chuid oibleagáidí faoi dhlíthe cánachais agus déanann sé a dhícheall lena áirithiú go n-íoctar gach dliteanas cánach ar na dátaí ábhartha ar a bhfuil siad dlite nó roimhe sin.



Cúrsaí Corparáideacha



Cúrsaí Corparáideacha

Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide


Sa bhliain 2021, chuir an Ghníomhaireacht a Plean Straitéiseach um Theicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC) i bhfeidhm. Baineann an Ghníomhaireacht leas as teicneolaíocht nua chun cabhrú le baill foirne a oibríonn ón mbaile agus lenár n-aistriú chuig obair hibrideach.

Cuireann an Ghníomhaireacht lena córais an t-am ar fad agus cuireann tacaíocht atá dírithe ar chustaiméirí ar fáil do bhaill foirne tríd an tseirbhís a chuirimid ar fáil a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Cuidíonn sé seo leis an bhfoireann chun ár spriocanna straitéiseacha comhroinnte a bhaint amach. Glacann an Ghníomhaireacht leis an Straitéis Náisiúnta um chibearshlándáil agus chuir tús lena fíis a fhíorú go mbeadh “Pobal na hÉireann in ann an réabhlóid dhigiteach a úsáid go sábháilte i gcónaí agus go mbeidís lánpháirteach i múnú an idirlín don am atá le teacht”.

Bíonn cruinnithe ag Grúpa Comhairleach TFC ar bhonn rialta i rith na bliana. Mar a tharla le gach eagraíocht, imríodh tionchar mór ar fheidhmeanna TFC leis an aistriú chuig cianobair. Chinntigh feidhmiú TFC na Ghníomhaireachta go mbeadh an eagraíocht in ann leanúint ar aghaidh lena bhfeidhmeanna gnó a sholáthar go héifeachtach. Cuireadh breis bearta slándála i bhfeidhm chun inniúlachtaí cianoibre na heagraíochta a neartú.

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Mar chuid de Chlár Éifeachtúlachta na hEarnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), tá an Ghníomhaireacht Tithíochta tiomanta d'éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú de réir treoirínte an Rialtais. Rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta a húsáid fuinnimh a laghdú faoi 85.8% sa bhliain 2021 agus faoi 93.0% ó bhí 2014 ann.



85.8% níos fearr ná 2020



88.7% níos fearr ná sprioc 2030



93.0% níos fearr ná bonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh



Leictreachas = $180 \frac{\text{kWh}}{\text{FTE Employees}}$ 92.9% níos fearr ná 2020



Teirmeach = $396 \frac{\text{kWh}}{\text{FTE Employees}}$ 74.4% níos fearr ná 2020



Fíor 1 Úsáid Leictreachais 2014 - 2021 Foinse: Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ).

In 2021 we continued to reduce our energy consumption through the implementation of several initiatives:

- Deimhniú a fháil ó Eco-Merit i gcomhréir lenár bplean cúig bliana.
- monatóireacht ar úsáid leictreachais, gáis, uisce agus dramhaíola a chur i bhfeidhm.
- Tástáil sceite a dhéanamh.
- Iniúchadh fuinnimh a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais ÚFIÉ.
- Tairiscintí le haghaidh córas teasa leictirigh atá tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil ag uimh. 53 agus ag uimh. 54 Sráid an Mhóta Uachtarach, le tosú in R1 2022.
- Suirbhé a dhéanamh ar shoilsíú i ngach foirgneamh. Soilsíú tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil, le tosú in R2 2022.
- Cruinnithe na 'bhFoirne Glasa' a réachtáil uair sa ráithe.
- Oiliúint agus seimineáir gréasáin maidir le saol inbhuanaithe, le cothabháil rothar agus le feasacht timpeallachta a chur ar fáil don fhoireann.

Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainne

Sa bhliain 2019, tugadh Tionscnamh an Rialtais Ghlais isteach chun comhlachtaí poiblí a spreagadh chun polasaithe atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil a ghlacadh agus a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

D'ullmhaigh an Gníomhaireacht Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainne (PGÉA) chun achoimre a thabhairt ar na bearta atá curtha i bhfeidhm aici chun spriocanna an rialtais a bhaint amach.

Pleananna Amach Anseo

Tá an Gníomhaireacht ag obair chun sprioc an Rialtais a bhaint amach, agus 70% leictreachas in-athnuaite roimh 2030 is ea an sprioc sin. Ullmhaíodh plean éifeachtúlachta fuinnimh cúig bliana sa bhliain 2021 chun cabhrú leis an nGníomhaireacht maidir lena spriocanna a bhaint amach. Tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta a córais teasa agus soilsithe a uasghrádú chun go mbeidh siad tíosach ar fhuinneamh sa bhliain 2022. Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht tionscnaimh na Foirne Glaise a chur chun cinn ar bhonn leanúnach trí sheisiúin feasacht, oiliúna agus eolais a chur ar fáil.



Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil Rialachais



Deimhniú Iniúchta



An tArd-Reachtair Cuntas is Ciste An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ghníomhaireacht Tithíochta

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 mar a éilítear faoi mhír 11 den Ordú um an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012 agus faoi Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013.1. Cuimsítear an méid a leanas leis na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar athruithe ar chaipiteal agus ar chúlchistí
- an ráiteas ar shreafaí airgid thirim
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim féin, tugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a cuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh 2021 i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.*

Bunús na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (ISAnna) de réir mar a chuirtear chun cinn ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé spleách ar an nGníomhaireacht Tithíochta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile

Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta faisnéis áirithe eile ar fáil in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear léi sin an tuarascáil bhliantúil, agus an ráiteas ar rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach san áireamh. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ghnóthaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú trí eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Tithíocht a cuireadh ar fáil faoi Chiste Imrothlach Fálacha na Gníomhaireachta Tithíochta

Déantar iniúchadh ar an úsáid a bhaintear as Ciste Imrothlach Fálacha na Gníomhaireachta Tithíochta i gCaibidil 7 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí don bhliain 2021

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

25 Samhain 2022

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

De réir mar atá sonraithe sa ráiteas ar rialachas agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as an méid a leanas

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi mhír 11 den Ordú um an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012 agus faoi Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013
- deimhin a dhéanamh de go dtugtar léargas firinneach cóir leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhúchán ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu mar gheall ar chalaos nó ar earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas is Ciste

Éilítear orm faoi mhír 11 den Ordú um an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012 agus faoi Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus chun tuairiscíú ina dtaobh do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar earráid. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míshonrú ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe bheith ina dtoradh ar chalaos nó ar earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonar nó trí chéile, dá mbeifí in ann bheith ag súil go mbeadh tionchar acu ar chinntí úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coimeádam sceptheachas ar feadh an iniúchta. Agus sin á dhéanamh agam

- Sainiúchadh agus measaim na rioscaí de mhíshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais, cé acu mar thoradh ar chalaos nó ar earráid; dearaim nósanna imeachta iniúchta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a chur ar fáil do mo thuairim. Is riosca níos airde é an riosca nach mbraithfear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaos ná an riosca nach mbraithfear míshonrú ábhartha mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonphárteachas, brionn, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaos.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí sna himthosca, ach ní chun críocha tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.

- Bainim tatal amach as oiriúnacht úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar ábaltacht na Gníomhaireachta chun leanúint mar ghnóthas leantach. Más é an tatal a bhainim amach go bhfuil neamhchinnteacht ann, éilítear orm aird a dhíriú i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil na nochtuithe sin leordhóthanach, chun mo thuairim a mhionathrú. Bíonn mo chuid tatal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo bheith ina gcúis le cur ar an nGníomhaireacht scor de leanúint mar ghnóthas leantach, áfach.
- Measaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunaidh leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear léiriú cóir amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil de chúram acu rialachas a chur i bhfeidhm maidir leis na gnóthaí a leanas, i measc gnóthaí eile; raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a shainiú le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht má tharla na nithe a leanas, i mo thuairim féin;

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis uile agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh éasca agus ceart a cheadú ar na ráitis airgeadais
- ní na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Le mo thuairim ar na ráitis airgeadais ní chumhdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair in éineacht leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon fhoirm de thatal maidir le dearbhú in iúl ina dtaobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna chun an fhaisnéis eile a léamh a chuirtear os mo chomhair agus, trí sin a dhéanamh, déanaim machnamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile comhsheasmhach ar bhonn ábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má dhealaíonn sé ar shlí eile go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha. Má tharlaíonn sé, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go mbainim an tatal as go bhfuil míshonrú ábhartha ann i leith na faisnéise eile sin, éilítear orm an fhírce sin a thuairiscíú.

Tuairiscíú ar ghnóthaí eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na saincheisteanna speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainiú gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i bhfeidhm.

Déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím má shainiú gnóthaí ábhartha nuair nach ndearnadh airgead poiblí a úsáid chun críocha beartaithe nó nuair nach raibh hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann iad a rialú.

Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Aithníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta an tábhacht a bhaineann le dea-rialachas agus déanann sí a dícheall oibriú de réir an dea-chleachtais. Sa chuid seo tá an Ráiteas ar Rialachas agus an Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird.

Rialachas

Bunaíodh Bord na Gníomhaireachta Tithíochta faoi Ordú Bunaíochta SI 264 de 2012. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird i gcuid 5 den Ordú. Tá an Bord cuntasach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus tá sé freagrach as dea-rialachas a áirithiú. Déanann an Bord an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil na Gníomhaireachta Tithíochta. Ní mór dóibh an treoir straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint agus a áirithiú go bhfuil tuiscint soiléir ag gach ball den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dócha iad a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht na Gníomhaireachta Tithíochta.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dTearmaí Tagartha an Bhoird, ina bhfuil na hábhair atá curtha in áirithe go sonrach le haghaidh chinneadh ag an mBord. I measc na míreanna seasta a ndéanann an Bord machnamh orthu ná:

- dearbhú leasanna;
- riosca;
- tuarascálacha ó choistí;
- Tuarascálacha Feidhmíochta;
- ábhair fhorchoimeáda; agus
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta.

Ceanglaítear le halt 11 den Ordú ar Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta gach cuntas ceart agus gnáthchuntas ar airgead a choinneáil, i gcibé foirm a fhaomhadh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le toiliú an Aire Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí maidir leis an airgead a fuair sé agus a chaith sé.

Ceanglaítear le halt 25 den Acht um Réiteach Pirít, 2013 ar an nGníomhaireacht Tithíochta ráitis airgeadais a ullmhú go bliantúil agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh sé ag feidhmiú; agus
- a lua cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as a áirithiú go gcoinníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha nó go bhfuil an Ghníomhaireacht taobh thiar de choinneáil na dtaifead sin a mhíniú agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na Gníomhaireachta Tithíochta, a chumasaíonn tráth ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta Tithíochta a chinneadh le cruinneas réasúnta, rud a chuireann ar chumas an Bhoird a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 11(1) den Ordú Bunaíochta, 2012 agus Alt 25(1) den Acht um Réiteach Piríte 2013.

Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta.

Tá an Bord freagrach as an bPlean Gnó bliantúil agus an buiséad a fhaomhadh agus rinneadh é sin in 2021. Le linn 2021, rinne an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Tithíochta in aghaidh an Phlean Gnó trí thuarascálacha feidhmíochta míosúla ar roinnt príomhréimsí fócais in éineacht le hathbhreithniú na gCoistí Straitéise ar fheidhmíocht ar bhonn ráithiúil in aghaidh an phlean gnó. Rinne an Bord athbhreithniú chomh maith ar chuntais bhainistíochta mhíosúla in aghaidh an bhuiséid bliantúil.

Tá an Bord freagrach chomh maith as a sócmhainní a chosaint agus dá réir sin, as céimeanna réasúnta a thógáil maidir le cosc agus brath calaoise agus mírialtachtaí eile.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta léargas atá fíor agus cothrom don fheidhmíocht airgeadais agus do chúrsaí airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta ag 31 Nollaig 2021.

Struchtúr an Bhoird

Is éard atá i gceist leis an mBord ná Cathaoirleach agus seacht gcomhalta a gceaptar iad ar fad ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Buaileann comhaltaí an Bhoird le chéile ar bhonn míosúil.

| Comhalta Boird | Eagraíocht | Téarma Ceapacháin |
|-----------------|---|--|
| Michael Carey | Cathaoirleach | Ceapadh 27 Aibreán 2018 go 26 Aibreán 2023 |
| Donal McManus | Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta | Ceapadh Eanáir 2013 go 31 Nollaig 2017 Athcheapadh 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2022 |
| Tony O'Brien | Sainchomhairleoir Bainistíochta | Ceapadh Iúil 2013 go 31 Nollaig 2017 Athcheapadh 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2022 |
| Niamh Callaghan | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | Ceapadh 15 Aibreán 2021 go 31 Nollaig 2022 |
| Barry Quinlan | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Ceapadh 1 Meán Fómhair 2020 go 31 Nollaig 2022 Éirithe as 6 Nollaig 2021 |
| Aine Stapleton | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | Ceapadh 6 Aibreán 2021 go 31 Nollaig 2022 |
| John O'Connor | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Ghníomhaireacht Tithíochta | Ceapadh Eanáir 2013 go 31 Nollaig 2017 Athcheapadh 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2022 Éirithe as 10ú Meán Fómhair 2021 |
| Bob Jordan | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Ghníomhaireacht Tithíochta | Ceapadh 13 Meán Fómhair 2021 go 12 Meán Fómhair 2026 |
| Fiona Lawless | Comhairle Contae na Mí | Ceapadh Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2022 |
| David Duffy | Property Industry Ireland, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) | Ceapadh 1 Iúil 2019 go 30 Meitheamh 2024 |
| Frank Curran | Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin | Ceapadh 9 Meán Fómhair 2019 go 8 Meán Fómhair 2024 |

Cuireadh measúnú féin-mheastóireachta an Bhoird i gcrích in 2021.

Fochoistí an Bhoird

Bunaíodh dhá choiste ag an mBord:

- An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca, agus
- An Coiste Straitéise

Tá trí chomhalta Boird agus comhalta neamhspleách amháin sa Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) ná an Bord a thacú maidir lena fhreagrachtaí as saincheistanna riosca, smachta agus rialachais agus as dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta.

Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tugann an CIR tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmeálta i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

Is iad comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca ná Tony O'Brien (Cathaoirleach), Donal McManus, Fiona Lawless, agus Alec Flood. Bhí cúig chruinniú ag an CIR sa bhliain 2021. Ní foctar aon táillí le comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

Bunaíodh an Coiste Straitéise i mí an Mheithimh 2018 agus tá seisear comhaltaí Boird agus beirt bhall foirne den Ghníomhaireacht Tithíochta uirthi. Bhuail an Coiste Straitéise le chéile trí huair le linn 2021. Is iad seo a leanas baill an Choiste Straitéise; Michael Carey (Cathaoirleach), John O'Connor a d'éirigh as ar an 10 Meán Fómhair 2021, Bob Jordan (ceaptha ar an 13 Meán Fómhair 2021), Barry Quinlan (d'éirigh as ar an 6 Nollaig 2021), Áine Stapleton (ceaptha ar an 6 Nollaig 2021) Donal McManus, Tony O'Brien, David Silke, agus Ciara Galvin. Ní foctar aon táillí le comhaltaí an Choiste Straitéise.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais sa bhliain 2021

Bord na Ghníomhaireachta Tithíochta

| Bord | Cruinnithe Boird le freastal orthu | Cruinnithe Boird ar a bhFreastalaíodh | Iniúchadh & Riosca | Táillí 2021 | Costais 2021 |
|---|------------------------------------|---------------------------------------|--------------------|-------------|--------------|
| No. of Meetings | 10 | | 5 | € | € |
| Michael Carey | 10 | 10 | n/b | Náid | Náid |
| Donal McManus* | 10 | 9 | 4 | Náid | Náid |
| David Duffy | 10 | 10 | n/b | 11,543 | Náid |
| Frank Curran* | 10 | 8 | n/b | Náid | Náid |
| Tony O'Brien | 10 | 10 | 5 | Náid | Náid |
| John O'Connor* (éirithe as M. Fómh. 21) | 6 | 6 | n/b | Náid | Náid |
| Bob Jordan* (ceaptha M. Fómh. 21) | 3 | 3 | n/b | Náid | Náid |
| Niamh Callaghan* | 7 | 6 | n/b | Náid | Náid |
| Fiona Lawless* | 10 | 9 | 4 | Náid | Náid |
| Barry Quinlan* (éirithe as Noll. 21) | 10 | 9 | n/b | Náid | Náid |
| Aine Stapleton* (ceaptha Noll. 21) | 0 | 0 | n/b | Náid | Náid |
| Alec Flood | n/a | n/a | 3 | Náid | Náid |

* Ní bhfuair ochtar ball táille Boird faoi Phrionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS). B'ionann costais chruinnithe an bhoird don tréimhse agus €2,891.

Príomhathruithe Pearsanra

D'éirigh beirt chomhaltaí an Bhoird as le linn 2021. Bhain cás amháin le hathrú a rinneadh ar phost de bhrí oifige le linn na bliana 2021, agus bhain an dara cás leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a d'imigh ar scor. De réir an Ordaithe Bunaíochta, 2012, cheap an tAire trí chomhalta nua. Ceapadh Niamh Callaghan ar an 15 Aibreán 2021 mar bhall den Roinn Caiteachais agus Athchóirithe atá ar seirbhís, ceapadh Bob Jordan mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin atá ar seirbhís ar an 13 Meán Fómhair 2021 agus ceapadh Aine Stapleton mar bhall ar seirbhís den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an 6 Nollaig 2021.

Nochtuithe a Éilítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a áirithiú gur chomhlíon an Ghníomhaireacht Tithíochta ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear leis an gCód na nochtuithe seo a leanas:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

| Tuarastal (€) | Líon na bhFoirne | |
|-----------------|------------------|------|
| | 2021 | 2020 |
| Faoi 60,000 | 82 | 75 |
| 60,000-70,000 | 10 | 16 |
| 70,000-80,000 | 10 | 7 |
| 80,000-90,000 | 10 | 11 |
| 90,000-100,000 | 3 | 1 |
| 100,000-110,000 | 1 | 4 |
| 110,000-120,000 | 2 | 0 |
| 120,000-130,000 | 0 | 0 |
| 130,000-140,000 | 1 | 1 |
| 140,000-150,000 | 1 | 0 |

Miondealú na gCostas Comhairliúcháin

| | Costais Chomhairliúcháin (€) | |
|------------------|------------------------------|----------------|
| | 2021 | 2020 |
| Feabhsú Gnó | 19,510 | 9,050 |
| Comhairle Dlí* | 298,372 | 219,533 |
| Comhairle Pinsin | 5,756 | 9,607 |
| Eile | 0 | 0 |
| IOMLÁN | 323,638 | 238,190 |

*Chaith an Ghníomhaireacht Tithíochta tuilleadh costais dlí ar fud na heagraíochta a mheastar a bheith gnó mar is gnách agus mar sin níor gabhadh iad laistigh de chostais chomhairliúcháin. Déantar foráil maidir le caiteachas ar chostais dlí faoi nótaí 4c(i), 4.3 agus 7.

Costais dlí agus socruithe

Foráiltear le reachtaíocht an Bhoird um Réiteach Piríte (BRP) go bhféadfaidh an BRP na costais go léir nó cuid díobh a bhaineann le teaghais a leigheas faoin Scéim a ghnóthú ó aon pháirtí a bhfuil dliteanas orthu, agus a bhfuil an acmhainn acu. Tá an BRP ag gníomhú, nuair a mheastar gur cuí, chun dul sa tóir ar thógálaithe agus/nó ar fhorbróirí do shíntiús le haghaidh costas na n-oibreacha. Ní raibh socruithe ar bith ann sa bhliain 2021. Sa bhliain 2020, fuarthas iomlán de €2.34 milliún i socruithe. Tá an figiúr sin glan ó chostais dlí de €224,645.

Fáilteachas

Sa tréimhse tuairiscithe caitheadh €1,980.65 maidir le fáilteachas, lena n-áirítear siamsaíocht *2020 €2,464). Caitheadh €3,071 san iomlán ar chostais ceaintín le linn na tréimhse tuairiscithe.

Taisteal agus Cothú

Déantar caiteachas agus cothaithe foirne a chatagóiriú mar seo a leanas:

Miondealú Costais Chomhairliúcháin

| | Taisteal agus Cothú (€) | |
|------------------------|-------------------------|---------------|
| | 2021 | 2020 |
| Taisteal Intíre | 48,072 | 64,532 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | 0 | 505 |
| IOMLÁN | 48,072 | 65,037 |

Tá sé seo san áireamh i gcostais riaracháin oifige oibríochta mar chuid de chostais Taistil agus foirne eile (Nóta 6). Ní raibh aon chaiteachas taistil ná cothaithe ann maidir le comhaltaí an Bhoird.

Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige le cinntiú go gcloítear leis an gCód agus le deimhniú go mbíonn an Ghníomhaireacht ag cloí leis an gCód, lasmuigh de 6 cinn de riachtanais atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair. Baineann siad seo leis an uair a foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil, Breithiúnas Chathaoirleach an Choiste um Iníúcháireacht agus Riosca, an tAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil a cuireadh i gcrích, na deimhnithe imréitigh cánach a fuarthas le haghaidh na ndéontas ar fad, fóirdhéontais, éilimh agus conarthaí a glacadh, Cairt Chustaiméara mhionsonraithe agus ionchorprú iarscríbhíne a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2020 ar an gCothromaíocht Inscne, an Éagsúlacht agus an ionchuimsiú. Cuireadh gníomhartha i gcrích le cinntiú go gcloítear leis na riachtanais ar fad.

An Bord um Réiteach Piríte

Is é an Bord um Réiteach Piríte (BRP) an struchtúr rialaithe don Scéim um Fheabhsúchán Piríte agus tá sé ar leithligh ón mBord Gníomhaireachta Tithíochta. Ceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an BRP seo. Bunaíodh an BRP tar éis thosach feidhme an Achta um Réiteach Piríte 2013 an 10 Eanáir 2014 chun scéim a dhéanamh chun damáiste ar áitribh áirithe de bharr aistriú cothrománach piríte a athchóiriú agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach chlár oibreacha athchóirithe d'áitribh lena mbaineann a threorú agus a mhaoirsiú. Is é an cathaoirleach Ainmnithe an Dr Derek Sinnott atá i gceannas ar an BRP, i gcomhar leis na feidhmeanna feidhmiúcháin a dhéanann an Bainisteoir Ginearálta, Martin Lynch.

Ordaíonn an tAcht um Réiteach Piríte 2013 don Ghníomhaireacht Tithíochta scéim um fheabhsúchán a chomhlíonadh thar ceann an BRP. Is í an Ghníomhaireacht Tithíochta an comhlacht a thugann feidhm fheidhmiúcháin don BRP trí bhainistíocht airgid, agus roinnt acmhainní. Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as cur chun feidhme na Scéime um Fheabhsúchán Piríte.

Ballraíocht agus Táillí an Bhoird BRP

| Comhalta Boird | Táillí 2021 (€) | Costais 2021 |
|----------------------------------|-----------------|--------------|
| Jack Keyes (imithe ar scor 2021) | 6,734 | 1,116 |
| Kevin McCrave | 2,600 | Nil |
| Alec Flood | 4,200 | Nil |
| Lyda Bunni | 1,800 | Nil |
| Derek Sinnott* | Nil | Nil |

*Ní bhfuair ball amháin táille Boird faoi Phrionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

Faoi fhorálacha an Achta um Réiteach Piríte 2013, ní mór don BRP tuarascáil bhliantúil a chur isteach chuig an Aire faoi 30 Meitheamh gach bliain, ag tabhairt achoimre ar fheidhmíocht a fheidhme faoi fhorálacha an Achta. Tá gnéithe airgeadais an BRP ann go foirmeálta laistigh de ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta Tithíochta.

Tá fochoiste an Bhoird i bhfeidhm ag an BRP, is é sin an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca. Bunaíodh an Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus tá cúig chomhalta Boird agus comhalta neamhspleách amháin ar an gCoiste. Is é ról an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca (CIR) ná an Bord a thacú maidir lena fhreagracháí as saincheisteanna riosca, smachta agus rialachais agus as dearbhú gaolmhar.

Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tugann an CIR tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmeálta i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

Is iad comhaltaí an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca ná Alec Flood (Cathaoirleach), Derek Sinnott, Lydia Bunni, Kevin McCrave, Tony O'Brien agus Jack Keyes. Bhí cúig chruinniú ag an CIR sa bhliain 2021. Ní íoctar aon táillí le comhaltaí an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca.



Michael Carey
Cathaoirleach

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

Tá an Ráiteas um Rialú Inmheánach ar aon dul le ceanglas dá bhforáiltear faoi Alt 2 (2.7) Ról an Chathaoirligh atá sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Áireofar an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Tithíochta do 2021.

Aithníonn an Bord go mbíonn paindéim Covid-19 fós ina imeacht shuntasach don eagraíocht. Tá an Bord ag leanúint den staid a ghlacadh i ndáiríre agus tá sé ag déanamh monatóireachta ar an staid, i gcomhar leis an mbainistíocht, ar bhonn leanúnach. Leanann an gnó de bheith ag obair le bearta i bhfeidhm chun baill foirne agus geallsealbhóirí na Gníomhaireachta a chosaint. Tá an fhoireann fós i mbun cianoibre sa bhliain 2021 agus seirbhísí á gcur ar fáil acu. Go dtí seo, tá na hoibríochtaí agus an chuid is mó de ghníomhaíochtaí an eintitis á gcothabháil agus iad ag dul i dtáithí ar an mbealach dífriúil lena bhfuil an gnó á sheachadadh. Tá monatóireacht ghéar á déanamh ar fheidhmíocht agus ar oibríochtaí na Gníomhaireachta agus soláthraítear réamhaisnéisí rialta ar shreabhadh airgid don Bhord agus dár máthair-roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cloífidh an Ghníomhaireacht le treoirlínte an Rialtais maidir le filleadh ar an láthair oibre.

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann na Gníomhaireachta Tithíochta, admháim freagracht an Bhoird as a áirithiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach a chothabháil agus a oibriú. Leis an bhfreagracht seo

cuirtear san áireamh riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a aithint agus a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Mar sin is féidir leis an gcóras dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, a thagann le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht Tithíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An Acmhainn le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca (CIR) ag an nGníomhaireacht Tithíochta ar a bhfuil trí chomhalta Boird agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta ábhartha acu,

agus is é an Cathaoirleach duine acu. Tháinig an CIR le chéile faoi chúig sa bhliain 2021.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici, a stiúirann clár oibre a comhaontaíodh leis an CIR. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, tá cruinniú míosúil réachtáilte ag an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh le hOifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a chuireann uasdátú ar an dul chun cinn atá déanta ar an gClár Iniúchta Inmheánaigh don bhliain ar fáil don POF.

Ghlac an Bord le Beartas Bainistíochta Riosca, rud a leagann amach a mhian riosca; na struchtúir agus na próisis bhainistíochta riosca a cuireadh i bhfeidhm agus sonraítear leis ról agus freagrachtaí na Feidhmeannachta maidir le riosca. Eisítear an beartas do gach ball foirne a gceanglaítear orthu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca na Gníomhaireachta Tithíochta. Déantar athbhreithnithe agus nuashonruithe rialta chun bainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi aon riachtanais le haghaidh rialaithe/rialuithe breise. Glacann baill foirne freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin. Déanann an CIR athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas Bainistíochta Riosca.

Agus na rioscaí a bhaineann le paindéim COVID 19 á mbainistiú, d'fhreagair an Gníomhaireacht Tithíochta go tapa agus go héifeachtach agus d'oibrigh an chuid is mó d'fheidhmeanna mar is gnách.

Creat um Riosca agus Rialú

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá Clár Riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na rioscaí atá os comhair na Gníomhaireachta agus déantar iad seo a mheas agus a ghrádú de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déanann an CIR athbhreithniú agus nuashonrú ar an gClár de réir mar a athraíonn rioscaí agus ar bhonn bliantúil ar a laghad. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an Clár Riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí agus freagracht a mhaolú maidir le hoibriú rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,

- Sainmhíniú ábhair atá forchoimeáda do chinneadh an Bhoird;
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil ar choinníonn an bhainistíocht shinsearach (agus an Bord) é faoi athbhreithniú,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú.

Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, agus don bhainistíocht agus don Bhoird, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais,
- Athbhreithnithe rialta ad-hoc ag Iniúchadh Inmheánach chun comhlíonadh nósanna imeachta a áirithiú, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascála tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Sainaitníodh moladh tábhachtacha amháin le cur i bhfeidhm sna tuarascálacha a cuireadh i gcrích san Iniúchadh Inmheánach sa bhliain 2021 a bhain le feabhas a chur le nósanna imeachta soláthair agus creataí á mbunú. Cuireadh an moladh seo ar fáil leis an gcinnteacht a bhain leis an bhfianaise dhoiciméadach atá ag teastáil ón nGníomhaireacht maidir leis na critéir cháilíochta a neartú. Tá sé deimhnithe ag an mbainistíocht go gcuirfidh siad na moltaí i bhfeidhm agus na creataí á mbunú.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Gníomhaireachta Tithíochta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtacha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus tá an bhainistíocht shinsearach laistigh den Gníomhaireacht Tithíochta freagrach as an bhforbairt agus an creat rialaithe inmheánaigh a chothabháil. Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha um sholáthar. Tarraingítear aird ar ábhair a thagann chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar faoi shaincheisteanna um rialú inmheánach thíos.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2021.

Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

Maidir le 2021, tabhaíodh caiteachas iomlán de €182,499, CBL san áireamh, maidir le seirbhísí nár chomhlíon nósanna imeachta soláthair phoiblí. As an €182,499 iomlán, baineann €155,361 le Seirbhísí Tacaíochta an Ionaí Ghlaonna, baineann €22,430 le Seirbhísí Forbartha agus Cothabhála Suímh Ghréasáin, baineann €4,000 eile le caiteachas a bhaineann leis an rannpháirtíocht a bhí ag seirbhís faisnéise i dtairseach faisnéise de chuid na Gníomhaireachta, agus baineann €708 leis an méid a caitheadh ar sheirbhísí luachála tar éis deireadh a bheith tagtha leis an gconradh.

Rinne comhghníomhaireacht Seirbhísí Tacaíochta an Ionaí Ghlaonna a sholáthar den chéad uair sa bhliain 2018 chun eolas a chur ar fáil do bhail an phobail maidir leis an Táirge lasachta Tithíochta ag Éire a Atógáil. Lean An Ghníomhaireacht Tithíochta ar aghaidh leis an tseirbhís seo sa bhliain 2021 ar mhaithe leis an leanúnachas, go háirithe i ndiaidh do Tháirge lasachta Tithíochta an Údaráis Áitiúil a bheith seolta faoin bPlean, Tithíocht do Chách. Tá cinneadh déanta seirbhísí an ionaid ghlaonna a fheidhmiú go himmheánach, agus cuirfear é seo i bhfeidhm i mí Eanáin 2023.

Cuireadh Soláthraí Sheirbhís Forbartha agus Cothabhála an tSuímh Ghréasáin i bhfeidhm ar dtús sa bhliain 2018 trí chomórtas oscailte. Mar gheall ar an riachtanas a bhain le hábhar a aistriú ó shuíomh gréasáin amháin chuig suíomh gréasáin nua, cinneadh gurbh fhéarr úsáid a bhaint as an soláthraí seirbhíse céanna chun an obair a chur i gcrích. Socraíodh gurb é an cur chuige seo ab éifeachtaí ó thaobh na héifeachtúlachta feidhmíochta agus

costais de. An toradh a bhí air seo ná gur caitheadh €22,430 sa bhreis anuas ar bhunluach an chonartha. Rinneadh na seirbhísí seo a sholáthar trí sholáthar oscailte ar ríomhthairiscintí go luath sa bhliain 2022, tá conradh i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh Seirbhísí Forbartha agus Cothabhála Suímh Ghréasáin a thosaigh i mí Iúil 2022.

Tá tairseach ar líne ag An Ghníomhaireacht Tithíochta chun stór lárnach d'eolas tábhachtach tithíochta a sholáthar do chleachtóirí tithíochta. Tá an t-eolas éagsúil agus tá reachtaíocht, rialacháin, ciorcláin, treoracha agus teimpléid san áireamh ann. Bhí seirbhísí eolais ag teastáil ón nGníomhaireacht chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar agus acmhainní, agus le cinntiú go raibh an t-ábhar ag teacht le treoirínte Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais. Nuair a cuireadh taighde margaidh i gcrích, socraíodh go raibh na scileanna cuí ar fad ag soláthraí amháin le tabhairt faoin tasc seo, agus cuireadh an soláthraí seirbhíse seo i bhfeidhm, a chaith €4,000 ar an iomlán sa bhliain 2021.

Cuireadh na seirbhísí luachála chun feidhme agus €708 mar chaiteachas acu, tar éis deireadh a bheith tagtha le conradh na seirbhísí agus sular cuireadh soláthar i gcrích le haghaidh conradh nua.

Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2020, an aidhm a bhí ag nós imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun deimhnithe imréitigh cánach a fháil agus réadmhaoin á baint amach ná deimhniú imréitigh cánach atur nae a fháil seachas deimhniú imréitigh cánach díoltóra a fháil. Leasaíodh an nós imeachta seo i lár na bliana 2021, agus deimhniú imréitigh cánach an díoltóra á fháil ag an nGníomhaireacht.

Maidir le feabhsuithe foriomlána ar sholáthar laistigh den Ghníomhaireacht, rinneadh na bearta seo a leanas chun na míreanna seo a réiteach agus chun comhlíonadh níos fearr le treoirínte soláthair a áirithiú:

- Déantar soláthar earraí agus seirbhísí don Ghníomhaireacht Tithíochta a bhainistiú anois ar bhonn láraithe faoin Rannán Oibríochtaí, agus acmhainní tiomnaithe ann chun an fheidhm seo a chomhordú agus a bhainistiú. Áirítear leis seo pleananna soláthair bliantúla a fhorbairt, agus tuarascálacha míosúla ar dhul chun cinn don Bhord agus don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí.
- Tá ionadaithe soláthair bunaithe ag an Rannán Oibríochtaí ar fud gach aonad gnó chun an t-eolas agus an tuiscint ar riachtanais sholáthair agus ar obair leis na hacmhainní lárnacha a neartú.
- Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an nGníomhaireacht ar a córais airgeadais chun rialuithe breise a chur i bhfeidhm le cinntiú go bhfeidhmiúnn sí ag leibhéal láidir maoirseachta agus bainistíochta conartha.
- Le linn na bliana 2021, chuir an Ghníomhaireacht oiliúint ar fáil maidir le luach an airgid agus soláthar go háirithe. Rinneadh é seo a sholáthar i seisiúin ionductaithe, modúil ríomhfhoghlama agus mar chuid de Chlár Forbartha Ceannaireachta.



Michael Carey
Cathaoirleach
23rd Samhain 2022

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|--|-------------|-------------------|-------------------|
| Ioncam | | € | € |
| An Ghníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil | 3(a) | 12,663,559 | 11,082,187 |
| An Scéim um Fheabhsúchán Piríte | 3(b) | 15,134,494 | 15,347,712 |
| Fálacha - Ciste Imrothlach | 3(c) | 28,018,868 | 29,859,421 |
| Fálacha - Costais Údaráis Áitiúil Forchúitithe | 3(d) / 3(e) | 314,085 | 710,075 |
| Glan-Ús Sochair Scoir - NBA | 13 | (11,000) | (18,000) |
| Ioncam Iomlán | | 56,120,006 | 56,981,395 |

| Caiteachas | | | |
|--|------|-------------------|-------------------|
| An Ghníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil | 4(a) | 12,026,844 | 10,610,155 |
| An Scéim um Fheabhsúchán Piríte | 4(b) | 15,492,858 | 15,506,222 |
| Fálacha - Ciste Imrothlach | 4(c) | 28,464,446 | 30,792,674 |
| Fálacha - Costais Údaráis Áitiúil Tabhaithe | 4(c) | 313,260 | 706,505 |
| Caiteachas Iomlán | | 56,297,408 | 57,615,556 |

| | | | |
|--|--|------------------|------------------|
| Barrachas / (easnamh) don bhliain | | (177,402) | (634,161) |
|--|--|------------------|------------------|

Tá nótaí 1 - 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais an 22nd Samhain 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:



Michael Carey
Cathaoirleach
Dáta: 23rd Samhain 2022



Bob Jordan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 23rd Samhain 2022

Ráiteas ar ioncam Cuimsitheach Eile

Don Bhliain Dar Críoch An 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|------|------------------|------------------|
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain Anailísithe mar: | | € | € |
| An Ghníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil | | 636,715 | 472,032 |
| An Scéim um Fheabhsúchán Piríte | | (358,364) | (158,510) |
| Fálacha - Ciste Imrothlach | | (445,578) | (933,253) |
| Fálacha - Glanchostais Údaráis Áitiúil | | 825 | 3,570 |
| Costais Sochair Scoir - NBA | | (11,000) | (18,000) |
| | | (177,402) | (634,161) |
| Ioncam Cuimsitheach Eile | | | |
| An Ghníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil | | € | € |
| Barrachas don bhliain | | 636,715 | 472,032 |
| Athluacháil agus Gnóthachan / (Cailliúint) ar dhiúscairt | | 5,919,054 | (432,000) |
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireacha Scéim Aoisliúntais agus SPS ar dhliteanas Sochair Scoir | 13.1 | (1,397,000) | (1,725,000) |
| Coigeartú ar Mhaoiniú larchurtha | 13.1 | 1,397,000 | 1,725,000 |
| Ioncam Cuimsitheach Oibríochtúil GT / (Easnamh) | | 6,555,769 | 40,032 |
| Ioncam Cuimsitheach Scéim um Fheabhsúchán Piríte / (Easnamh) | | (358,364) | (158,510) |
| Fálacha - Ioncam Cuimsitheach ón gCiste Imrothlach / (Easnamh) | | 445,578 | (933,253) |
| Fálacha - Ioncam Cuimsitheach Costas Údaráis Áitiúil / (Easnamh) | | 825 | 3,570 |
| Sochair Scoir | | | |
| Barrachas / Easnamh Scéim NBA | | (11,000) | (18,000) |
| Athrú ar fhoshuíomhanna achtúireacha Scéim NBA | 13.2 | - | (253,000) |
| Gnóthachain/Caillteanas ó thaithí Scéim NBA | 13.2 | (610,000) | 177,000 |
| Sochar NBA ar shócmhainní plean (gan ús a áireamh) | 13.2 | 667,000 | 294,000 |
| Ioncam Sochair Scoir / (Easnamh) | | 46,000 | 200,000 |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán / (Easnamh) don bhliain | | 5,798,652 | (848,161) |

Tá nótaí 1 - 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais an 22nd Samhain 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:



Michael Carey
Cathaoirleach
Dáta: 23rd Samhain 2022



Bob Jordan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 23rd Samhain 2022

Ráiteas ar Staid Airgeadais

Amhail 31 Nollaig 2021

| | Nóta | Amhail 31 Dec 2021 | Amhail 31 Dec 2020 |
|--|-------|-----------------------|-----------------------|
| Sócmhainní Seasta | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 8 | 63,188,823 | 57,389,322 |
| lasachtaí Lamhátais um Eintiteas Sochair Phoiblí | 12 | 9,269,484 | - |
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Fálacha Tithíochta - Taiscí agus Stoc Tithe atá le hAthdhíol | 4 | 30,219,254 | 46,059,645 |
| Infháltais | 9 | 706,946 | 690,339 |
| Banc agus Airgead Tirim | 10 | 45,282,943 | 36,035,131 |
| | | 76,209,143 | 82,785,115 |
| Dlíteanais Reatha | | | |
| Méideanna le híoc | 11 | (2,816,361) | (9,328,854) |
| Glansócmhainní Reatha | | | |
| | | 73,392,782 | 73,456,261 |
| Glansócmhainní (roimh dhliteanais fhadtéarmacha) | | | |
| | | 145,851,089 | 130,845,583 |
| Dlíteanais Fhadtéarmacha | | | |
| Iníochta tar éis bliain amháin | 11 | (9,252,854) | - |
| Sochair Scoir | | | |
| Sócmhainn Sochair Scoir NBA | 13 | 13,952,000 | 13,773,000 |
| Dlíteanas Sochair Scoir NBA | 13 | (7,853,000) | (7,720,000) |
| Maoiniú Sochair Scoir Iarchurtha | 13 | 20,818,000 | 17,724,000 |
| Dlíteanais Sochair Scoir | 13 | (20,818,000) | (17,724,000) |
| Glansócmhainní Iomlána / (Dlíteanais) | | | |
| | | 142,697,235 | 136,898,583 |
| Caipíteal agus Cúlchistí | | | |
| Fálacha - Cúlchistí Chiste Imrothlaigh | SOCCR | 68,014,146 | 68,459,724 |
| Fálacha - Cúlchistí Údarais Áitiúil | SOCCR | (6,416) | (7,241) |
| Cúlchistí Oibríochtúla na Gníomhaireachta Tithíochta | SOCCR | 68,660,220 | 62,104,451 |
| Cúlchistí Pírite | SOCCR | (69,715) | 288,649 |
| Cúlchiste Sochair Scoir NBA | SOCCR | 6,099,000 | 6,053,000 |
| Cúlchistí Caipítíl Iomlána | | | |
| | | 142,697,235 | 136,898,583 |

Tá nótaí 1 - 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais an 22nd Samhain 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:



Michael Carey
Cathaoirleach
Dáta: 23rd Samhain 2022



Bob Jordan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 23rd Samhain 2022

An Ráiteas ar Athruithe ar Chaipiteal agus ar Chúlchistí

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

| | Cúlchistí Oibríochtúla na Gníomhaireachta Tithíochta | | | | Cúlchistí Pírite | Fálacha - Cúlchistí Chiste Imrothlaigh | Fálacha - Cúlchistí Údaráis Áitiúil | Cúlchiste Sochair Scoir NBA | Iomlán |
|---|--|-------------------|-----------------------------|-------------------|------------------|--|-------------------------------------|-----------------------------|--------------------|
| | Cúlchiste Caipítíl | Cúlchiste Ioncaim | Cúlchiste Athluachála Talún | Iomlán | | | | | |
| | € | € | € | € | € | € | € | € | € |
| Amhail 1 Eanáir 2021 | 6,709,672 | 4,177,301 | 51,217,478 | 62,104,451 | 288,649 | 68,459,724 | (7,241) | 6,053,000 | 136,898,583 |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | - | 6,555,769 | - | 6,555,769 | (358,364) | (445,578) | 825 | 46,000 | 5,798,652 |
| Aistriú chuig Ioncam | (69,523) | (69,523) | - | - | - | - | - | - | - |
| Aistriú chuig Cúlchiste | - | 5,869,024 | 5,869,024 | - | - | - | - | - | - |
| Athluachála Amhail 31 Nollaig 2021 | 6,640,149 | 4,933,569 | 57,086,502 | 68,660,220 | (69,715) | 68,014,146 | (6,416) | 6,099,000 | 142,697,235 |
| | € | € | € | € | € | € | € | € | € |
| Amhail 1 Eanáir 2020 | 6,713,542 | 3,701,399 | 51,649,478 | 62,064,419 | 447,159 | 69,392,977 | (10,811) | 5,853,000 | 137,746,744 |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | - | 40,032 | - | 40,032 | (158,510) | (933,253) | 3,570 | 200,000 | (848,161) |
| Aistriú chuig Ioncam | (3,870) | 3,870 | - | - | - | - | - | - | - |
| Aistriú chuig Cúlchiste | - | 432,000 | (432,000) | - | - | - | - | - | - |
| Athluachála Amhail 31 Nollaig 2020 | 6,709,672 | 4,177,301 | 51,217,478 | 62,104,451 | 288,649 | 68,459,724 | (7,241) | 6,053,000 | 136,898,583 |

Tá nótaí 1 - 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais an 22nd Samhain 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:



Michael Carey
Cathaoirleach
Dáta: 23rd Samhain 2022



Bob Jordan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 23rd Samhain 2022

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|------|------------------|-------------------|
| | | € | € |
| Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochtúla | | | |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán / (Easnamh) don bhliain | | 5,798,652 | (848,161) |
| Dímheas | 8 | 173,207 | 159,057 |
| Athluacháil na Talún a Choinnítear | 8 | (6,998,604) | - |
| Cailliúint ar Dhiúscairt Talún | 8 | 1,079,550 | 397,000 |
| Aistriú chuig / (ó) Cúlchiste Sochair Scoir NBA | 13.2 | (46,000) | (200,000) |
| Ús Taisce | 3(a) | - | (58) |
| Méadú i Stoic agus i dTaiscí | 4 | 15,840,391 | 9,275,803 |
| (Méadú) / Laghdú in Infháltais | 9 | (16,607) | 299,229 |
| (Méadú) ar lasachtaí Lamháltais um Eintiteas Sochair Phoiblí | 12 | (9,269,484) | - |
| (Méadú) / Laghdú i Méideanna le hÍoc | 11 | 2,740,361 | 3,710,079 |
| Glan-airgead tirim a gineadh / (a iompraíodh) ó Ghníomhaíochtaí Oibríochtúla | | 9,301,466 | 12,792,949 |
| Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a cheannach | 8 | (103,684) | (155,187) |
| Suíomh Comhshuimithe Talún a Dhíol | 8.2 | 50,030 | 35,000 |
| Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe | | | |
| Ús Taisce a Fuarthas | | - | 58 |
| Glanmhéadú / (laghdú) ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 36,035,131 | 23,362,311 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana | 10 | 45,282,943 | 36,035,131 |
| (Méadú) / Laghdú in Airgead Tirim | | 9,247,812 | 12,672,820 |

Tá nótaí 1 - 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais an 22nd Samhain 2022 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar ceann an Bhoird:



Michael Carey
Cathaoirleach
Dáta: 23rd Samhain 2022



Bob Jordan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: 23rd Samhain 2022

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na mbeartas cuntasaíochta agus na mbeartas suntasach cuntasaíochta arna nglacadh ag an nGníomhaireacht leagtha amach thíos. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin. Tá athaicmiú déanta ar eolas comparáideach áirithe d'fhonn an leanúnachais le faisnéisithe bliana reatha.

Faisnéis Ghinearálta

1.1. Bunú na Gníomhaireachta Tithíochta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Tithíochta ar bhonn reachtúil ar an 1 Lúnasa 2012 faoi Ordú na Gníomhaireachta Tithíochta agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú) 2012. Is iad seo a leanas feidhmeanna na Gníomhaireachta:

- seirbhísí roinnte agus lárnacha; seirbhísí taighde, comhairleacha, faisnéise agus oiliúna, seirbhísí comhairliúcháin, teicniúla agus pleanála straitéisí, soláthar agus seirbhísí gníomhaireachta;
- ar iarratas ón Aire, innéacsanna maoine cónaithe a ullmhú, a shealbhú, a bhainistiú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear innéacsanna maidir le díolacháin tithíochta cónaithe agus cíosanna réadmhaoine cónaithe;
- socrú, comhordú, agus soláthar athghiniúna sóisialta agus eacnamaíochta, lena n-áirítear forbairt agus feabhsú talún agus bonneagair; agus
- comhordú do agus rannchuidiú le réiteach saincheisteanna a bhaineann le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe.

D'oibrigh an Ghníomhaireacht Tithíochta trí Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Teo.) go dtí go mbunófaí í ar bhonn reachtúil. Aistríodh sócmhainní agus dlíteanais HSC Teoranta chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013. Áiríodh ar na sócmhainní a aistríodh ná tailte forbartha agus tailte a choinnítear faoin Scéim Comhiomlánaithe Talún (Nóta 8).

Feidhmeanna breise:

An Bord um Réiteach Pírite - Bunaíodh an Bord seo ar an 10 Eanáir 2014 faoin Acht um Réiteach Pírite 2013. Is iad príomhfheidhmeanna na scéime scéim a dhéanamh le haghaidh feabhsúcháin pírite agus an scéim a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh uirthi. Faoin Acht, is é ról na Gníomhaireachta Tithíochta an scéim a riar agus íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an Bhoird um Réiteach Pírite. Aithníonn na ráitis airgeadais seo maoiniú a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus caiteachas a tabhaíodh i ndáil le feabhsúcháin pírite.

Oifig Rialála Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta - Síníodh an tAcht Tithíochta 2019 (Rialáil Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta) sa dlí ar an 23 Nollaig 2019. Leis sin, cumasófar bunú Údarás Rialála na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Tabharfaidh an t-aistriú ó Chreat Rialála Deonach go Creat Reachtúil dearbhuithe do thionóntaí, d'infheisteoirí, don Rialtas agus don earnáil féin go n-oibríonn Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta i dtimpeallacht atá dea-rialaithe agus seasmhach. Rinneadh an Coiste Rialála sealadach a lánscoir ar an 31 Nollaig 2021 agus dá bhrí sin, ní bhaineann an Cód Rialála Deonach leis níos mó.

Cuidiú le hÚdarás Áitiúla maidir le tithíocht a cheannach - Ó mhí Iúil 2015 i leith, ceannaíonn an Gníomhaireacht Tithíochta tithíocht ó leachtaitheoirí/glacadóirí thar ceann na nÚdarás Áitiúil. Ní leis an nGníomhaireacht é an stoc a choinnítear. Tá iarmhéid deiridh na gcistí a fuarthas san áireamh faoi mhéideanna atá le híoc sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Féach Nóta 4 agus beartas cuntasáiochta 1.15.

an Gníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta - D'oibrigh an Gníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta (NBA) scéim pinsin sochair sainithe maoinithe. Ar threoracha ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ceapadh an Gníomhaireacht Tithíochta mar phríomhfhóid scéim pinsin an NBA le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018.

Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine - In 2016 cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht teagmháil a dhéanamh le bainc, le hinfeisteoirí, agus le húinéirí ionchasacha eile ilphunanna réadmhaoine ar bhonn náisiúnta trí dheontas imrothlach de EUR 76 milliún agus na réadmhaoine sin a dhíol le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus le hÚdarás Áitiúla. Níl sé i gceist ag an nGníomhaireacht brabús ná cailteanas a dhéanamh ar na hidirbhearta seo. Gearrtar costais áirithe a thabhaíonn an Gníomhaireacht i gcoinne an chiste. Féach Nóta 4, beartas cuntasáiochta 1.7.

lasachtaí ar Chothromas Cíos de réir Costais - Sa bhliain 2021, cuireadh an tAcht um Thithíocht Inacmhainne i bhfeidhm sa reachtaíocht, a chuir ar chumas na Gníomhaireachta Tithíochta iasachtaí a dhéanamh le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBs) faoin lasacht ar Chothromas Cíos de réir Costais. Faoi réir toiliú Aire, forbraíonn an Gníomhaireacht Tithíochta lasachtaí ar Chothromas Cíos de réir Costais ("CREL") go AHBs ar an gcoinníoll go gcuireann siad áiteanna cónaithe ar cíos de réir costais ar fáil do thionóntaí incháilithe. Maireann iasachtaí CREL ar feadh 40 bliain agus tá ráta úis 1% acu. Is gá an iasacht a aisíoc ag deireadh an téarma. Déanann an Gníomhaireacht Tithíochta socruithe na hiasachta a riar chomh maith le Comhaontuithe na hiasachta a dhréachtú, agus dícheall cuí á léiriú acu i leith gach moladh AHB go dtí go sínítear an iasacht CREL, a dhaingníonn an iasacht i gcoinne na n-áiteanna cónaithe ábhartha ar Cíos de réir Costais (slándáil an dara táille) agus déanann monatóireacht ar chomhlíontacht AHB le téarmaí na hiasachta le linn an téarma. Féach ar Nótaí 1.18, 3.8, 11, 12, agus 18.

1.2. Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

1.3. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme in Éirinn agus leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Eintiteas Sochair Phoiblí is ea an Gníomhaireacht mar atá sainmhínithe ag roinn 34 de FRS 102. Tá na ráitis i bhfoirm a d'fhaomh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Le hullmhú ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS102, éilítear an úsáid de mheastacháin chuntasáiochta chriticiúla. Éilítear leis ar an mbainistíocht freisin breithiúnas a fheidhmiú agus na beartais chuntasáiochta á gcur i bhfeidhm aici.

1.4. Gnóthas Leantach

Ullmhaítear na Ráitis airgeadais ar bhonn an gnóthais leantaigh.

1.5. Beartas Ioncaim

ILéirítear in ioncam deontais, táillí, ioncam cíosa agus aisghabhálacha eile na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH) a úsáidtear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú de réir mar a thugann sé cúnamh don Roinn agus d'Údarás Áitiúla i gcur i bhfeidhm an bheartais tithíochta. Aithnítear ioncam Deontais a fhaightear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú ar bhonn fáltas airgid.

Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (DHLGH) cistí ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta i ndáil le costais a thabhaíonn sí i ndáil leis an scéim um fheabhsúchán Piríte. Aithnítear ioncam sna Ráitis Airgeadais nuair a fhaightear é ón Roinn.

Baineann Ioncam Eile le hioncam ó tháillí, aisghabháil costas agus Sochair Scoir NBA. Aithnítear ioncam nuair a eisítear sonrasc chuig an eagraíocht ábhartha.

1.6 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní Seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Cuimsíonn costas na costais go léir atá inchurtha go díreach chun an tsócmhainn a thabhairt i riocht oibre don úsáid atá beartaithe di.

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, ag rátaí a ríomhtar chun an costas lúide luach iarmharach measta maidir le gach sócmhainn a dhíscríobh go córasach thar a saolré úsáideach a bhfuil súil leis, mar a leanas:

| | | |
|-----------------------------------|---|--------------------|
| Foirgnimh | - | 2% Méid Cothrom |
| Daingneáin, Feistis agus Trealamh | - | 12.5% Méid Cothrom |
| Trealamh Ríomhaireachta | - | 20% Méid Cothrom |

Talamh Forbartha

Cheannaigh an Ghníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (NBA) agus Tithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Teo.) talamh forbartha ar dtús a bhí i seilbh na Gníomhaireachta Tithíochta chun críocha forbartha amach anseo. Mar chuid den phróiseas cuíchóirithe, aistríodh na sócmhainní seo chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013 ar a luach margaidh oscailte. Ba é luach iomlán na sócmhainní sin tráth an aistrithe ná EUR 1,441,247 (Nóta 8). Cuirtear an talamh forbartha san áireamh ar a chostas.

Níl an talamh seo á fhorbairt faoi láthair. Samhlaítear, i gcás go bhfuil an talamh seo oiriúnach le haghaidh tithíochta, bíodh sé mar thithíocht shóisialta nó chun críocha tithíochta eile, go n-úsáidfear é le haghaidh tithíochta, sa chás go mbíonn gá leis sa cheantar. Chinnfí aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as aon cheann de na suíomhanna seo i gcomhairle leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Talamh a Choinnítear faoin Scéim Comhiomlánaithe Talún

Faoin Scéim Comhiomlánaithe Talún (2010-2013), d'aistrigh Údarás Áitiúla talamh forbartha cónaithe áirithe a raibh lasachtaí Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta gan íoc ag baint leis chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ar tháille ainmniúil. Cheadaigh an Roinn aistriú de 73 suíomh agus achar iomlán 247 heicteár i gceist chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Bhí aitheantas tosaigh na talún ag luach ainmniúil EUR 1 in aghaidh an tsuímh. Glacadh le beartas athluachála in 2018 agus aithnítear an talamh anois ag luach cóir. Lorgófar luacháil deisce ar bhonn débhlantúil agus gníomhaíocht luachála mionsonraithe le déanamh gach 6 bliana. Aithnítear athruithe ar luach cóir laistigh den Athluacháil agus Gnóthachan / (Cailliúint) ar dhiúscairt sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile agus sa chúlchiste athluachála. Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí 62 de na suíomhanna seo fós i seilbh na Gníomhaireachta Tithíochta.

1.7. Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine

Ceannacháin agus Díolacháin

Aithnítear Díolacháin Réadmhaoine ar chistí a fháil. Aithnítear Ceannacháin Réadmhaoine ar íoc as cistí. Aithnítear caiteachas a thabhaítear ar fheabhsuithe ar fhoirgnimh nuair a íoctar é. Tugtar cuntas ar éarlaisí a íoctar ar réadmhaoine sna Sócmhainní Reatha. Cuirtear réadmhaoine a ceannaíodh ach nár díoladh/aistríodh san áireamh i stoc Tithíochta tithe atá le hathdhiól. Iompraíonn an ciste aon bharrachas nó easnamh. (Féach Nóta 4).

Fardal an Chláir um Fháil Tithíochta

Léiríonn an fardal um Fháil Tithíochta costas na réadmhaoine a fuarthas, móide aon oibreacha uasghrádaithe caipitil a chuirtear i bhfeidhm ar na réadmhaoine agus aon éarlaisí a íoctar as réadmhaoine atá le fáil.

Fardal an Chláir um Fháil Ceannachán

Is é an cúlchiste um Fháil Tithíochta an maoiniú atá fágtha ón gclár um Fháil Tithíochta. Tá gníomhaíocht an chláir um Fháil Tithíochta léirithe i Nóta 4.

1.8. Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide foráil maidir le fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil maidir le fiacha amhrasacha agus bunaítear í nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Ghníomhaireacht in ann na méideanna go léir atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

1.9. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Léirítear airgead tirim le taisc le hinstiúidí airgeadais.

1.10. Idirbhearta neamh-airgeadais

Mar chuid de chomhaontuithe a rinneadh le tríú páirtithe i ndáil le saincheisteanna pírite, féadfaidh an Ghníomhaireacht seirbhísí a fháil ó pháirtithe den sórt sin gan íocaíocht ón nGníomhaireacht. Aithníonn an Ghníomhaireacht seirbhísí den sórt sin nuair a fhaightear iad mar ioncam agus mar chostas araon.

1.11. Méideanna iníochta

Tomhaistear méideanna iníochta gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt. Tá cistí arna dtabhairt ag Údaráis Áitiúla chun stoc Tithíochta a cheannach i seilbh na Ghníomhaireachta freisin. Aistríonn Údaráis Áitiúla na cistí chuig an nGníomhaireacht Tithíochta le haghaidh réadmhaoine ar mian leo a fháil. Coinníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta na cistí go dtí go gceannaítear réadmhaoine. Taispeántar na méideanna seo mar mhéideanna iníochta (Féach Nóta 11).

1.12. (a) Sochair Scoir

SLe hAlt 7 (8) d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 264 de 2012, rinneadh foráil maidir le scéim aoisliúntais a bhunú don Ghníomhaireacht. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht scéim sochair shainithe (an phríomhscéim) a mhaoineítear ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na foirne agus na gcomhaltaí. Tá an scéim á hoibriú ar bhonn riaracháin go dtí go gceadóidh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais sochair scoir na sochair scoir a thuilleann fostaithe agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí sochair scoir foirne arna gcoinneáil ag an nGníomhaireacht. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear sochair scoir mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí sochair scoir a íoc.

Oibríonn an Ghníomhaireacht Tithíochta an Scéim Pinsin um Sheirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh poiblí in aois an phinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí baill na scéime aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha don dá scéim a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí sochair scoir na Gníomhaireachta Tithíochta agus aon mhaoiníú gaolmhar agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair na sochar scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntasafíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach agus an modh creidmheasa aonaid réamh-mheasta á úsáid.

1.12 (b) Sochair Scoir NBA

D'oibrigh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta (NBA) scéim pinsin sochair sainithe maoinithe. Ar threoracha ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ceapadh an Ghníomhaireacht Tithíochta mar phríomhfhostóir scéim pinsin an NBA le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an scéim dírithe ar iarfhostaithe de chuid an NBA agus tá sí dúnta d'iontrálaithe nua. Léiríonn na toimhdí agus na meastacháin a úsáideadh chun an costas don bhliain airgeadais, an oibleagáid sochair shainithe agus luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana airgeadais a ríomh, léiríonn siad taithí stairiúil agus treochtaí reatha.

Aithníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta costais ioncaim agus sochair scoir don bhliain sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus aithnítear gluaiseachtaí achtúireacha sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile. Aisíoctar íocaíochtaí sochair scoir a dhéanann an Ghníomhaireacht Tithíochta le baill na scéime ón gciste pinsin. (féach Nóta 13.2). Léiríonn sócmhainn an NBA luach cóir an chiste infheistíochta atá i seilbh na n-iontaobhaithe agus is ionann an dliteanas scoir agus glanluach reatha theidlíochtaí bhall na scéime sa todhchaí arna ríomh ag achtúire neamhspleách. Ar an 1 Deireadh Fómhair 2018, luacháladh sócmhainní na scéime ag EUR 12,784,000 agus luacháladh an dliteanas ag EUR 8,366,000. Taispeánann an Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021 an tsócmhainn ag €13,952,000 agus an dliteanas ag €7,853,000.

1.13. Cúlchiste Caipitil

Léiríonn an Cúlchiste Caipitil (a) an chuid den ioncam neamh-amúchta a chuirtear i bhfeidhm chun críocha caipitil. Maoinítear sócmhainní seasta ó ioncam deontais agus déantar iad a amúchadh de réir dímheasa agus (b) aistriú na nglansócmhainní ó Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta (HSC Teo.), ón nGníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta Teoranta (NBA) agus ó Chomhairle Contae Fhine Gall chuig an nGníomhaireacht Tithíochta le haghaidh breithniú Nialais in 2013. Déantar na luachanna sócmhainne a aistriú mar seo a leanas,

| | |
|-----------------|-------------|
| NBA | €741,501, |
| HSC Teo | €1,202,607, |
| Údaráis Áitiúla | €37. |

Rinneadh é seo faoi threoir na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) ar a dtugtar anois an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

1.14. Airgeadra

Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

1.15. Cuidiú le hÚdaráis Áitiúla tithíocht a cheannach

Feidhmíonn an Gníomhaireacht Tithíochta mar phointe lárnach d'eagraíochtaí iomadúla chun réadmhaoine a cheannach ó ghlacadóirí/iasachtóirí. Aithnítear réadmhaoine oiriúnacha ó na punanna agus cheadaigh údaráis áitiúla ceannach na réadmhaoine ábhartha. Chuir na húdaráis áitiúla na cistí ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta agus íocadh na cistí ábhartha ina dhiaidh sin as na réadmhaoine sna punanna ábhartha.

1.16. Socraíochtaí Pírite

Aithnítear socraíochtaí a dhéantar faoin Scéim um Fheabhsúchán Pírite mar ioncam agus caiteachas sna ráitis airgeadais.

1.17. Costais Dlí

Déantar costais dlí a eascraíonn as caingne a rinne an Gníomhaireacht Tithíochta thar ceann an Bhoird um Réiteach Pírite a ghlanluacháil i gcoinne aon socraíochtaí a fhaightear. Taifeadtar costais dlí a bhaineann le ceannach réadmhaoine faoin bhfo-cheannteideal iomchuí inar tabhaíodh an caiteachas. Taifeadtar gach costas dlí eile faoi chostais oibríochtúla na Gníomhaireachta Tithíochta.

1.18. Iasachtaí ar Chothromas Cíos de réir Costais (CREL)

Déantar iasachtaí ar Chothromas Cíos de réir Costais (CREL) a rangú mar iasachtaí Lamháltais um Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE). Sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha atá sna hiasachtaí lamháltais le híocaíochtaí socraithe nó inchinntithe agus ní luaitear sa mhargadh gníomhach iad. Déantar iad ag ráta úis atá thíos faoin ráta margaidh atá coigeartaithe le haghaidh riosca.

De réir Roinn 34 de FRS102, bíonn iasachtaí lamháltais sochair phoiblí á bhfeidhmiú ag an nGníomhaireacht Tithíochta. Déantar na hiasachtaí lamháltais seo a thaifeadadh ag luach cóir ar dtús agus ansin déantar an iasacht lamháltais a choigeartú sna blianta ina dhiaidh sin chun ús iníoctha nó infhála ar bith atá fabhráithe a léiriú.

Déantar athbhreithniú ar iasachtaí lamháltais PBE ar bhonn bliantúil le haghaidh comharthaí lagaithe bunaithe ar an stair a bhaineann leis an deontaí agus ar dhearcadh na bainistíochta ar inbhailitheacht an fhiachais. Aithnítear foráil shonrach sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Áirithithe sa chás go bhfuil amhras faoi aisíoc an fhiachais. Cuirtear iasachtaí lamháltais PBE san áireamh de réir na n-alt 34.89 – 34.97 de FRS102. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i Nótaí 1.1 agus 12.

2. Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla agus beartais chuntasaíochta agus príomhfhoinsí neamhchinnteachta meastacháin á gcur i bhfeidhm

Éilítear in ullmhú na ráiteas airgeadais go ndéanann an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuiriscítear le haghaidh sócmhainní agus dlíteanas amhail dáta an ráitis ar staid airgeadais agus na méideanna a thuiriscítear le haghaidh ioncam agus caiteachas i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh torthaí iarbhrí a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Saolta Úsáideacha Sócmhainní Inláimhsithe

Is éard atá i sócmhainní fadsaolacha go príomha foirgnimh, daingneáin agus feistis agus trealamh ríomhaireachta. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go príomha ar shaolta measta gach cineál sócmhainne agus, in imthosca áirithe, ar luachanna iarmharacha measta. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar na saolta úsáideacha seo agus athraíonn sé iad más gá, chun na dálaí reatha a léiriú. Agus na saolta úsáideach seo á gcinneadh, déanann bainistíocht machnamh ar athrú teicneolaíochta, patrúin úsáide, riocht fisiceach agus úsáid eacnamaíoch ionchasach na sócmhainní. D'fhéadfadh athruithe ar na saolta úsáideacha tionchar suntasach a bheith acu ar an muirear dímheasa don bhliain airgeadais.

Bearnú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh bearnaithe aon uair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear cailteanas bearnaithe don mhéid lena sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a méid inghnóthaithe. Is é an méid inghnóthaithe an ceann is airde den luach cóir sócmhainne lúide costas le díol agus an luach in úsáid. D'fhonn bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leithligh ann ina leith (aonaid ghiniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamh-airgeadais a raibh bearnú ag baint leo maidir le haisiompú féideartha den bhearnú ag gach dáta tuairiscithe.

Athluacháil Talún faoin Scéim Comhiomlánaithe

Cuireann luachálaí neamhspleách luachálacha ar fáil. Bíonn breithiúnas á léiriú ag an mbainistíocht agus cinneadh á dhéanamh faoi cé chomh minic agus a dhéantar láithreáin a athluacháil (nóta 1.6).

An Scéim um Fheabhsúchán Piríte

Meastar gur breithiúnas suntasach é tiomantas na Scéime um Fheabhsúchán Piríte de €77 milliún agus tá sé bunaithe ar réamh-mheastachán mionsonraithe cúig bliana don scéim a ullmhaíodh i mí Iúil 2022.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha aachtúireacha lena gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhcháí, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochta costas cúram sláinte) a nuashonrú gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna sochair scoir agus iar-scoir. D'fhéadfadh na nithe a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- i. An ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán
- ii. Leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh amach anseo

3. Ioncam

| | Note | 2021 | 2020 |
|--|------|-------------------|-------------------|
| | | € | € |
| (a) An Gníomhaireacht Tithíochta - Oibríochtúil | | | |
| Deontas an Oireachtais (Vóta 34 – Fochéann A.23) | 3.1 | 9,456,250 | 8,750,000 |
| <i>lúide ranniocaíochtaí scéime aonair san earnáil phoiblí</i> | | (151,807) | (150,849) |
| Ioncam Táille | 3.2 | 510,559 | 376,385 |
| Aisghabhálacha ó Chomhlachtaí Stáit | 3.3 | 888,316 | 608,832 |
| Ús Taisce | | - | 58 |
| Ioncam Cíos | 3.4 | 61,449 | 62,741 |
| Ioncam ó Dhíol Talún | 8.2 | - | 35,000 |
| Ioncam Eile | 3.5 | 16,167 | 28,270 |
| Costais Tionscadal Taighde | 3.6 | 36,833 | 27,750 |
| Forchúiteamh ó AHBRA | 3.7 | 132,162 | - |
| Ús Iasachta CREL | 3.8 | 16,630 | - |
| Deferred Pension Funding | 13 | 1,697,000 | 1,344,000 |
| | | 12,663,559 | 11,082,187 |

- 3.1** Deontas Oireachtais a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
- 3.2** Is ionann ioncam ó tháillí agus muirir ar chliant (údarás áitiúla nó comhlachtaí stáit eile) maidir le seirbhísí a dhéanann an Gníomhaireacht Tithíochta.
- 3.3** Is ionann ioncam ó chomhlachtaí stáit agus aisghabhálacha d'fhoireann ar iasacht agus costais a thabhaítear thar ceann comhlachtaí stáit. Tá suimeanna ar leith ó Vóta 34 san áireamh san fhigiúr seo:

| | 2021 | 2020 |
|--|---------|---------|
| | € | € |
| Fochéann A14: Tithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas | 225,142 | 234,000 |
| Fochéann D12: An Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún - Íoc | - | 35,312 |
| Fochéann D12: An Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún - Gan Íoc | - | 41,099 |
| Fochéann A3: CAP - Ceannacháin Athlámhe | 119,596 | - |
| Fochéann A4: Léas LA | - | 16,294 |
| Fochéann A6: Scéim Íocaíocht um Chúnamh Tithíochta | - | 10,332 |

- 3.4** Cuimsíonn Ioncam Cíos cíosanna a fuarthas i ndáil le Talamh Forbartha atá i seilbh na Gníomhaireachta Tithíochta.
- 3.5** Faigheann an Gníomhaireacht Tithíochta ioncam freisin ó ghníomhaíochtaí agus scéimeanna eile a rinne sí i rith na bliana. Ó fhoinsí neamh-Vótála a thagann an t-ioncam sa bhliain 2021 agus ó Fochéann A12 a thagann an t-ioncam ó 2020: Cóiríocht don Lucht Taistil.
- 3.6** Cuimsíonn Costais Tionscadal Taighde tionscadal atá cómhaoinithe leis an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún.
- 3.7** Tá roinnt seirbhísí riaracháin á gcur i gcrích ag an nGníomhaireacht Tithíochta faoi láthair ar son Údarás Rialála na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBRA). Mínítear na seirbhísí a chuirtear ar fáil i gcomhaontú ar leibhéal seirbhíse idir an dá pháirtí lena n-áirítear an méid seo a leanas: Bainistíocht Airgeadais, Teicneolaíocht Faisnéise, Cíos agus Áiseanna, Acmhainní Daonna agus Tacaíocht Riaracháin Ghinearálta.
- 3.8** Cuirtear an t-ús a bhailítear ar iasachtaí CREL ar aghaidh chuig Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (Nóta 12 le haghaidh tuilleadh eolais).

3. Ioncam (ar lean.)

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|--|------|-------------------|-------------------|
| | | € | € |
| (b) An Scéim um Fheabhsúchán Pírite | | | |
| Deontas an Oireachtais (Vóta 34 – Fochéann A.22) | 3.1 | 15,000,000 | 13,000,000 |
| Foireann agus Seirbhísí Homebond | 3.9 | 134,494 | 9,799 |
| Socraíochtaí Pírite | | - | 2,337,913 |
| | | 15,134,494 | 15,347,712 |

